Tá raon gnáthshásraí tuairisceoireachta sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta, ina measc an Monatóir ar an gCuimsiú Sóisialta, an Fóram um Chuimsiú Sóisialta, an Mheasúnacht ar Thionchar Sóisialta agus cinn eile.

Is éard atá sa **Mhonatóir ar an gCuimsiú Sóisialta**² ná tuarascáil bhliantúil ina ndéantar faireachán ar an dul chun cinn i dtreo na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta, lena n-áirítear an fho-sprioc ar an mbochtaineacht i

² <http://www.welfare.ie/en/downloads/SocialInclusionMonitor2015.pdf>

measc na leanaí agus ar chion na hÉireann ar mhaithe le sprioc bhochtaineachta na hEorpa 2020. Is í an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a ullmhaíonn an Monatóir, ar bhonn Shuirbhé na Príomh-Oifige Staidrimh ar Dhálaí Ioncaim agus Maireachtála. Is é monatóir na bliana 2016 an séú heagrán agus baineann sé le sonraí na bliana 2016 de Shuirbhé na Príomh-Oifige Staidrimh ar Dhálaí Ioncaim agus Maireachtála³.

Bhunaigh an Rialtas an **Fóram um Chuimsiú Sóisialta**⁴ mar chuid de na struchtúir chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta. Tionóladh Fóram um Chuimsiú Sóisialta sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016 araon. Tá an t-imeacht bliantúil seo mar chuid de na struchtúir institiúideacha a cuireadh ar bun chun taca a chur faoin gcur i ngníomh, faoin bhfaireachán agus faoin bhforbairt leanúnach i dtaca le clár gnó an Rialtais ar an gcuimsiú sóisialta. Cuireann sé láthair ar fáil i gcomhair an chomhairliúcháin phoiblí agus i gcomhair an phlé phoiblí ar bhonn níos leithne maidir le saincheistseanna faoin gcuimsiú sóisialta, go háirithe do dhaoine a thaithíonn an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta agus na dreamanna a oibríonn leo. Ina theannta sin, cuireann an Fóram deis ar fáil chun go dtarlaíonn rannpháirtíocht idir oifigigh na Rann Rialtais, eagraíochtaí deonacha pobail agus daoine a thaithíonn an bhochtaineacht i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta. Ullmhaítear tuarascáil chomhdhála gach bliain agus déantar an tuarascáil sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

An Mheasúnacht ar Thionchar Sóisialta⁵ - seo cur chuige a bhunaítear ar fhianaise agus a dhéanann meastachán ar thionchar dáileach dóchúil na mbeartas ar an ioncam agus ar an éagothromas sóisialta. Baineann tábhacht ar leith le hiarmhairtí sóisialta na mbeartas cáináiseach chun na daoine is leochailí sa tsochaí a chosaint agus chun faireachán a dhéanamh ar an bhfeidhm ríthábhachtach a chomhlíonann na haistrithe sóisialta ó thaobh daoine a

³ <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/silc/surveyonincomeandlivingconditions2016/>

⁴ <http://www.welfare.ie/en/Pages/Social-Inclusion-Forum-Publications.aspx>

⁵ <http://www.welfare.ie/en/downloads/SocialImpact2017.pdf>

fhaigheann an leas sóisialach agus íocaíochtaí eile a choimeád ó thitim faoi chuing na bochtaineachta.

Tá measúnacht chomhtháite ar thionchar sóisialta forbartha ag an Rialtas chun treise a chur le cur i ngníomh na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtainteachta agus cur i ngníomh na fo-sprice ar an mbochtaineacht i measc na leanaí agus chun éascaíocht a dhéanamh do chomhordú breise i dtaca leis an mbeartas sa réimse sóisialta. Cuirtear an mheasúnacht ar thionchar sóisialta i bhfeidhm maidir le raon saincheistanna beartais, i gcomhar le Ranna Rialtais agus páirtithe leasmhara eile.

Tá measúnacht ar thionchar sóisialta Cháinainnéisí na mblianta 2015, 2016 agus 2017 foilsithe ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí. Fionnadh sa mheasúnacht ar thionchar sóisialta Cháinainnéis na bliana 2017 gurbh é an toradh a bheadh ar na beartais leasa shóisialaigh agus cánach ioncaim ná méadú ar mheánioncaim líonta tí faoi 1 faoin gcéad (coibhéiseach le beagnach €9.20 in aghaidh na seachtaine). Lena chois sin, fionnadh sa mheasúnacht gur bhain tuismitheoirí aonair neamhthuillimh agus lánúineacha le leanaí an tairbhe ba mhó as Cáinainnéis na bliana 2017 agus gur mhó a bhain tuismitheoirí aonair neamhthuillimh agus lánúineacha le leanaí (suas le 4.5% sa bhreis). Thaispeáin an mheasúnacht gur lean na haistrithe sóisialta de bheith ag feidhmiú go láidir ó thaobh an bhochtaineacht a laghdú maille le laghdú measta 0.8 faoin gcéad sa daonra i mbaol na bochtaineachta.

Rinneadh athbhreithniú ar spriocanna an Phlean Ghníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta sa bhliain 2015 mar chuid de thuarascálacha bliantúla na mblianta 2013 agus 2014 chun a n-ábharthacht leantach a shuíomh. Léiríodh san athbhreithniú seo go raibh cuid acu curtha i gcrích nó go raibh tosca eile nó athruithe ar an mbeartas i ndiaidh dul chun cinn ar spriocanna áirithe agus gur ghá iad a chur bonn ar bhonn leis an eolas ba dhéanaí. I gcásanna dá leithéid, rinneadh téacs cuí a dhréachtú chun cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nua nó ar ghníomhaíochtaí cosúla, agus scaipeadh an téacs sin i measc na Rann ar pháirtithe leasmhara iad lena bhreithniú/fhaomhadh.

Tá an Tuarascáil reatha seo ar Chuimsiú Sóisialta 2015 agus 2016 mar chuid de na sásraí tuairisceoireachta freisin, agus tá sí ag díriú ar thaifead a dhéanamh ar an gcur i ngníomh atá déanta dáiríre ar na bearta a bhí beartaithe sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta agus sa Nuashonrú. Agus an tuarascáil seo á hullmhú ag an Roinn, chuathas i gcomhairle go forleathan leis na Ranna Rialtais eile a bhain le hábhar agus a bhfuil freagracht orthu as clár na ngníomhartha sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta a sholáthar. Rinne comhordaitheoirí/daoine idirchaidrimh, a bhí ceaptha i ngach Roinn, idirchaidreamh leis an bhfoireann rannáin agus chuidigh siad ó thaobh ábhar a thiomsú. Chuir na Ranna nuashonruithe ar an dul chun cinn, ar na heochairfhorbairtí agus ar ábhar eile isteach.

1.2 Tuairisceoireacht i gcomhair an AE & Tuairisceoireacht Idirnáisiúnta

1.2.1 An Clár Náisiúnta um Athchóiriú na hÉireann⁶

I Meitheamh na bliana 2010, ghlac an Chomhairle Eorpach *Eoraip 2020: Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechumsitheach*, ina leagtar amach fíis gheilleagar margaidh shóisialta na hEorpa i dtaca leis an 21ú haois. Athneartaíonn an Straitéis an idirghníomhaíocht idir na beartais gheilleagracha, na beartais fostaíochta agus na beartais shóisialta, rud a mheastar a bheith bunriachtanach chun fás inbhuanaithe, cruthú fostaíochta, comhtháthú sóisialta agus comhtháthú críche a chothú.

Mar chuid den Straitéis, d'aontaigh an Chomhairle Eorpach cúig phríomhspríoc maidir le fostaíocht; taighde agus forbairt; athrú aeráide; oideachas agus bochtaineacht. Meastar na spríocanna a bheith idirghaolmhar agus meastar go n-athneartaíonn siad a chéile. Is í an spríoc bhochtaineachta ná 20 milliún duine a aistriú amach as baol na bochtaineachta nó baol an eisiaimh shóisialta faoin

6

https://www.taoiseach.gov.ie/eng/Work_of_the_Department/Economic_Division/Economic/NRP/20170419_National_Reform_Programme_2017.pdf

mbliain 2020. Mar chion ar mhaithe le sprioc bhochtaineachta na hEorpa 2020, ceanglaítear ar na Ballstáit spriocanna bochtaineachta a leagan amach go náisiúnta ar bhonn na dtáscairí náisiúnta cuí, ag cur imthosca agus tosaíochtaí náisiúnta san áireamh.

Is í cion na hÉireann ar mhaithe le sprioc bhochtaineachta na hEorpa 2020 ná 200,000 duine ar a laghad a aistriú amach as an mbochtaineacht chumaisc (bochtaineacht sheasmhach + daoine i mbaol na bochtaineachta + díothacht bhunúsach) idir 2010 agus 2020. Ní mór do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar an sprioc agus ar na gníomhartha gaolmhara i gClár Náisiúnta um Athchóiriú (CNA) ar bhonn bliantúil. Tháinig feabhas as an ‘mbochtaineacht chumaisc’, cion na hÉireann ar mhaithe le sprioc bhochtaineachta na hEorpa 2020, mar thit an ráta ó 33.7% sa bhliain 2015 go 29.2% sa bhliain 2016. Is ionann seo agus 1.4 milliún duine, agus is éard atá anseo ná laghdú 21,512 ó bhonnlíne na bliana 2010. Mar sin, caithfidh beagán faoi bhun 200,000 duine a aistriú amach as an mbochtaineacht chumaisc chun sprioc na hEorpa 2020 a bhaint amach.

1.2.2 Moladh a Bhaineann go Sonrach leis an Tír

Thairis sin, is é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú an sásra tuairisceoireachta i dtaca leis na Moltaí a Bhaineann go Sonrach leis an Tír, a chomhaontaítear gach bliain idir Coimisiún an AE agus Ballstáit an AE. Ba d’aghaidh a thabhairt ar bhaol bochtaineachta na leanaí a thagair an dá Mholadh ba dhéanaí dá leithéid a d’eisigh an Chomhairle chun na hÉireann mar chuid den Seimeastar Eorpach (Comhairle an Aontais Eorpaigh, 2015; Coimisiún Eorpach 2016b). Ba iad Moltaí na hÉireann a Bhain go Sonrach leis an Tír i leith na bliana 2016 i ndáil leis an mbeartas sóisialta ná:

- Fairsingiú agus luathú a dhéanamh ar chur i ngníomh na mbeartas gníomhachtúcháin chun déine oibre na líonta tí a mhéadú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhaol bochtaineachta na leanaí.
- Gabháil do bhearta chun fostaíocht a dhreasú trí bharrchaolú a dhéanamh ar aistarraingt sochar agus íocaíochtaí forlíontacha.

- Feabhas a chur ar sholáthar an chúraim inacmhainne leanaí ar ardchaighdeán.

Sa bhliain 2016⁷ thit líon na leanaí i líonta tí gan duine fostaithe faoi 7.1% ó bhí an bhliain 2012 ann. Ina theannta sin, tharla titim i gcéatadán na leanaí (0 go 17 de bhlianta d'aois) i mbaol na bochtaineachta nó i mbaol an eisiaimh shóisialta (AROE) sa bhliain 2015. Mhéadaigh an dífhostaíocht fhadtréimhseach go mór sa chúlú geilleagrach, ó 31,000 sa bhliain 2007 go buaicphointe de bhreis agus 200,000 go luath sa bhliain 2012. Le linn an téarnaimh, áfach, thit líon na ndaoine dífhostaithe go fadtréimhseach go 92,000 sa bhliain 2016, laghdú de bhreis agus 112,000. Lean na feabhsuithe ar aghaidh i rith na bliana 2015, ó thaobh na ndearbhbhthearmaí agus ó thaobh druidim le meán an AE araon.

Bunaithe ar Shuirbhé Eurostat ar an Lucht Saothair, bhí 253,000 líon tí gan duine fostaithe sa bhliain 2016. Cé gur thit an figiúr i gcomhair na hÉireann ó bhuaicphointe 23% sa bhliain 2012 go 17.6%, de thoradh an téarnaimh gheilleagraigh, tá roinnt áirithe leasuithe leagtha amach ag an Rialtas, agus an 'Plean Gníomhaíochta do Líonta Tí Gan Duine Fostaithe' san áireamh, rud a foilsíodh i Meán Fómhair na bliana 2017.

Ghabh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Soisialaí do raon leasuithe ar chlár ghníomhacha don mhargadh saothair sna blianta deireanacha seo, lena áiríodh feidhmiú céimneach ar dhá chlár tacaíochta do chuardaitheoirí poist (Intreo agus Postchonnair/JobPath). Lena chois sin, tá dul chun cinn déanta go socair leanúnach ag an athchóiriú ar an mbreisoideachas agus oiliúint, athchóiriú atá dírithe ar athoiliúint agus uasoiliúint a chur chun cinn. Tá rath áirithe bainte amach ag an Rialtas freisin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht i measc na leanaí trí, mar shampla, feabhas a chur ar chlár um chuimsiú sóisialta. Tá dídhreasachtaí chun filleadh ar an bhfostaíocht laghdaithe ag an gClár Cúnaimh Tithíochta agus ag an bhForlónadh Ioncaim Teaghlaigh (ar a dtugtar anois an Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht), agus san am céanna tá feabhas curtha de réir a chéile ar an teacht ar an gcúram leanaí.

⁷ <http://ec.europa.eu/eurostat/web/microdata/european-union-labour-force-survey>

1.2.3 Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe

I Meán Fómhair na bliana 2015, aontaíodh sraith de 17 gcinn de Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe i gCruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe i Nua-Eabhrac. Is éard atá sna spriocanna seo, atá infheidhmithe ar bhonn uilíoch, ná plean uailmhianach chun an bhochtaineacht a dhíothú, chun aghaidh a thabhairt ar an díghrádú comhshaoil agus an athrú aeráide agus chun domhan níos síochánta, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a chruthú faoin mbliain 2030.

Agus na spriocanna seo á gcomhaontú againn, tugann an domhan uile aghaidh ar thodhchaí níos inbhuanaithe, níos rathúla agus níos síochánta a sholáthar do chách. Tagraíonn roinnt áirithe de na spriocanna seo don bhochtaineacht agus, dá réir sin, bíonn siad ábhartha don ‘Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta’. Áirítear leo seo fíorbhochtaineacht a dhíothú, céatadán na bhfear, na mban agus na leanaí a chónaíonn faoi chuing na bochtaineachta a laghdú faoina leath, chomh maith le córais chúí agus bearta cúí na coimirce sóisialaí a chur i ngníomh. Beidh Éire ag tuairisciú go tráthrialta ar an dul chun cinn maidir leis na Spriocanna um Fhorbairt inbhuanaithe.

Sna caibidlí seo a leanas, cuirfear sonraí ar fáil den dul chun cinn a rinneadh thar raon na spriocanna a leagadh amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2015-2017, i dtaca le gach ceann de na dreamanna um thimthriall na beatha. Tosaíonn gach caibidil le tábla gearr ina léirítear na príomhphointí agus ansin nuashonruithe níos mine ó gach Roinn⁸.

⁸ [Aguisín 1 Ainmneacha na Rann Rialtais](#)



Caibidil 2

Leanaí

Spríoc 1: Cúram agus Oideachas na Luath-Óige

Leanúint ar aghaidh ag infheistiú i gcúram agus oideachas na luathbhlianta ar ardchaigheán i gcomhair na leanaí ar fad trí sholáthar réamhscoile saor in aisce, trí thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh ó thaobh na gcostas cúraim leanaí, go háirithe teaghlaigh ar ioncam íseal, agus trí fheabhas a chur ar chaighdeán an tsoláthair.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

Tá infheistíocht shuntasach déanta i gcúram agus oideachas na luath-óige ar ardchaigheán, agus an méid seo a leanas san áireamh;

2015

- €7 milliún i leith seirbhísí cúraim leanaí faoi Chlár Caipitil na Luathbhlianta.
- Obair ar an tSamhail um Chuimsiú agus Rochtain.
- Tionscnamh chlár na Ceannaireachta um Chuimsiú.
- €85 milliún i bpacáiste cúraim leanaí.

2016

- €6.5 milliún a cuireadh ar fáil do Chlár Caipitil na Luathbhlianta.
- Tháinig an chuid ba mhó de na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 i bhfeidhm.
- Fairsingíodh an clár réamhscoile um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige.
- Tugadh isteach an tSamhail um Chuimsiú agus Rochtain.
- Thosaigh clár na Ceannaireachta um Chuimsiú.
- Tugadh isteach an Scéim um Chúram Inacmhainne Leanaí.

Spríoc 2: Litearthacht agus Uimhearthacht

Na céatadán de leanáí bunscoile atá ag feidhmiú ar na leibhéal is airde sa Mheasúnacht Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla a mhéadú faoi 5 faoin gcéad ar a laghad i rang a dó agus i rang a sé araon faoin mbliain 2020. An céatadán de leanáí atá ag feidhmiú ar an íosleibhéal, nó faoina bhun sin, sa Mheasúnacht Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla a laghdú faoi 5 faoin gcéad ar a laghad i rang a dó agus i rang a sé araon faoin mbliain 2020.

An Roinn Oideachais & Scileanna

2015

Cuireadh tús le hAthbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 sa bhliain 2015, ionas go bhféadfaí meastóireacht a dhéanamh ar na bearta i gcrích agus ar na dúshláin lenar buaileadh ó thaobh an straitéis a chur i ngníomh go dtí sin. Áiríodh leis an athbhreithniú eatramhach seo breithniú ar fhionnachtana taighde, ar an mbonn náisiúnta agus ar an mbonn idirnáisiúnta araon, agus próiseas comhairliúcháin le raon mór páirtithe leasmhara.

2016

Cuireadh críoch ar an Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 go déanach sa bhliain 2016 trí fhoilsiú PISA (2015) agus TIMSS (2015)

Spríoc 3: Rannpháirtíocht in Oideachas

Lucht saothair dea-oilte a chur chun cinn d'fhonn tacú le téarnamh na hÉireann agus ardchaighdeán mhaireachtála a sholáthar dár saoránaigh trí chéatadán na ndaoine atá 18-24 de bhlianta d'aois a bhfuil iar-bhunoideachas sóisearach ar a mhéad acu, agus nach bhfuil i mbreisoideachas ná oiliúint, a laghdú go 8%; agus sciar na ndaoine atá 30-34 de bhlianta d'aois, a bhfuil oideachas tríú leibhéal nó a mhacasamhail críochnaithe acu, a mhéadú go 60% ar a laghad.

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Tá dul chun cinn dearfach déanta ag Éirinn i dtaca leis an dá spríoc sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016

Luathfhágálaithe scoile

Is í príomhspríoc an AE 2020 i leith na luathfhágála scoile ná 10%.

Is í an spríoc náisiúnta arna leagan amach ag Éirinn ná 8%

2015 – 6.9%

2016 – 6.3%

Spríoc do dhaoine atá 30-34 de bhlianta d'aois, a bhfuil oideachas tríú leibhéal nó a mhacasamhail críochnaithe acu

Is í príomhspríoc an AE 2020 ná méid os cionn 40%

Is í spríoc na hÉireann ná 60% ar a laghad

2015 – 52.3%

2016 – 52.9%

Spríoc 4: Taca Ioncaim Leanaí

Comhluch na dtacaí ioncaim leanaí a choinneáil ar 33%-35% d'íosráta na híocaíochta leasa shóisialaigh do dhuine fásta agus a n-éifeachtacht a uasmhéadú ó thaobh an bhochtaineacht i measc na leanaí a laghdú, agus leanúint ar aghaidh ag tacú leis na tuismitheoirí ar fad ó thaobh na gcostas a bhaineann le leanaí a thógáil.

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS)

Baineadh amach sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016 an spríoc go gcoinneofaí comhluch na dtacaí ioncaim leanaí ar 33% go 35% d'íosráta na híocaíochta leasa shóisialaigh do dhuine fásta.

2.1 An Roinn Leanáí & Gnóthaí Óige

Clár Limistéarbhunaithe na hÓige

Tharla roinnt áirithe forbairtí maidir le Clár Limistéarbhunaithe na hÓige i gcaitheamh na mblianta 2015 agus 2016;

- Tá creat náisiúnta meastóireachta deartha i dtaca le Clár Limistéarbhunaithe na hÓige. Tá an mheastóireacht ar siúl, agus tá Sainghrúpa Comhairleach Idirnáisiúnta ag maoirsiú na meastóireachta. Bhíothas ag súil le tuarascáil eatramhach sa bhliain 2017 agus leis an tuarascáil deiridh sa bhliain 2018.
- Sa bhliain 2015, bunaíodh grúpa tascdhírthe chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr leis an bhfoghlaim ó Chlár Limistéarbhunaithe na hÓige a phríomhshruthú i réimse an bheartais agus i réimse an tsoláthair d'fhonn feabhas a chur ar na torthaí do leanáí agus do dhaoine óga.
- Thairis sin, bunaíodh Grúpa Pleanála um Pobal Foghlama Chlár Limistéarbhunaithe na hÓige d'fhonn limistéir a chur ar fáil chun foghlaim, fios agus cleachtas a roinnt agus chun tacaíocht a thabhairt dá chéile ar mhaithe le seirbhísí comhtháite éifeachtacha a sholáthar.
- Sa bhliain 2016, thionóil an Roinn Imeacht an AE um Piarmheasúnú, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, ar théama Sheirbhísí an Choisc agus na Luath-Idirghabhála chomh maith lena cion feidhme ó thaobh feabhas a chur ar na torthaí do leanáí a bheadh i mbaol na bochtaineachta agus i mbaol an eisiaimh shóisialta.
- Rinne an Roinn a thuilleadh forbartha agus a thuilleadh beachtúcháin ar a plean tríd an Tionscnamh um Cháilíocht agus um Fhorbairt Acmhainne. Tá sé mar aidhm ag an Tionscnamh um Cháilíocht agus um Fhorbairt Acmhainne cur chuige comhordaithe a ghlacadh chun feabhas a chur ar chumas, ar fhios agus ar cháilíocht ó thaobh an choisc agus ó thaobh na luath-idirghabhála do leanáí, do dhaoine óga agus dá dteaghlaigh, ag féachaint dóibh siúd atá i mbaol drochthorthaí a shaothrú. Tá ceithre cinn de chomhchodanna tábhachtacha sainaitheanta a bhfuil sé mar aidhm acu sonraí a chur in oiriúint; leas a bhaint as fianaise; feabhas a chur ar an gcur i ngníomh trí chóitseáil

agus trí fhorbairt; agus neadú a dhéanamh ar bhealaí an choisc agus na luath-idirghabhála trí chreat cáilíochta.

- Ag féachaint dá n-aistriú isteach ní ba luaithe i gClár Limistéarbhunaithe na hÓige, bhí na trí cinn d'iarláithreacha Chlár an Choisc agus na Luath-Idirghabhála le teacht go deireadh a gconarthaí i lár na bliana 2016. Socraíodh an maoiniú chun na conarthaí a shíneadh go Lúnasa na bliana 2017 ar aon dul leis an gcuid eile de na láithreacha.

An Scéim um Chúram Inacmhainne Leanaí

Fógraíodh i nDeireadh Fómhair na bliana 2016 go dtabharfaí isteach Scéim nua um Chúram Inacmhainne Leanaí⁹. Tiocfaidh an Scéim seo in ionad na gclár spriocdhírthe reatha um chúram leanaí trí bhithin scéime amháin a bheidh níos éifeachtaí agus níos áisiúla don úsáideoir, lena n-áireofar “timchúram” do leanaí réamhscoile agus do leanaí aoise scoile. Soláthróidh an scéim nua córas ar féidir fóirdheontais uilíochta agus fóirdheontais spriocdhírthe araon a chur ar fáil uathí i leith chostas an chúraim leanaí. Ina theannta sin, cruthóidh sé bonn solúbtha i gcomhair na hinfeistíochta sa todhchaí i dtacaí maoinithe um chúram leanaí, rud a cheadóidh coigeartú ar thairseacha glanioncaim agus fairsingiú ar fhóirdheontais do leanaí breise agus do theaghlaigh bhreise le himeacht ama.

Forbairtí i gCláir um Chúram Leanaí:

- Na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016: Tháinig an chuid ba mhó de na rialacháin i bhfeidhm i Meitheamh na bliana 2016. Forálann na Rialacháin nach mór do gach fostaí, a oibríonn go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige ar Leibhéal 5 i gCreat Náisiúnta na gCáilíochtaí ar a laghad a shealbhú, nó cáilíocht eile a mheasann an tAire a bheith coibhéiseach.
- Clár Caipitil na Luathbhlianta: Sa bhliain 2015, soláthraíodh cistiú €5 mhilliún ón gclár seo i dtaca le seirbhísí pobail agus seirbhísí neamhbhrabúis um chúram leanaí agus €2 mhilliún i dtaca le saoráidí príobháideacha agus saoráidí pobail um chúram leanaí. Sa bhliain 2016, soláthraíodh €6.5 milliún i

⁹ affordablechildcare.ie

dtaca le cistiú um Chlár Caipitil na Luathbhlianta. Ba go sonrath ar mhaithe le soláthraithe réamhscoile ar mhian leo a gcuid seirbhísí a fhairsingiú chun freastal ar a thuilleadh leanaí ó Mheán Fómhair na bliana 2016 a tugadh an cistiú seo. Thairbhígh 1,006 cinn de sheirbhísí ar fud na tíre den bheart seo.

- Scéim Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige: Fairsingíodh an scéim seo sa dóigh go bhféadfadh gach leanbh teacht saor in aisce ar an réamhscolaíocht ó thrí bliana d'aois go dtí go dtosóidís ar scoil (agus iad ag dul isteach sa réamhscoil i Meán Fómhair, in Eanáir nó in Aibreán tar éis dóibh trí bliana d'aois a bhaint amach). Anois tairbhíonn leanaí de mheán 61 seachtain ar an scéim, méadú ó 38 seachtaine.
- An tSamhail um Chuimsiú agus Rochtain: Tugadh isteach an tSamhail um Chuimsiú agus Rochtain i Meán Fómhair na bliana 2016. Is é is eochairchuspóir leis an tSamhail um Chuimsiú agus Rochtain ná tacú le soláthraithe réamhscoile chun taithí ionchuimsitheach réamhscoile a chur ar fáil, chun go gcinnteofar go bhféadfaidh na leanaí faoi mhíchumas páirt iomlán a ghlacadh i gClár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige, agus ar an gcaoi sin go mbainfear tairbhe as an oideachas réamhscoile den scoth. Samhail leanbhíarnach is ea an tSamhail um Chuimsiú agus Rochtain agus áirítear léi seacht leibhéal de thacaíocht fhorásach de réir riachtanais an linbh agus na réamhscoile.
- Clár na Ceannaireachta um Chuimsiú: Thosaigh an clár seo i Meán Fómhair na bliana 2016 mar chuid de phacáiste níos leithne de thacaí oideachais agus oiliúna chun uasoiliúint a chur ar scileanna lucht saothair na luathbhlianta i ndáil leis an gcuimsiú agus i ndáil leis an míchumas.

Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile - Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020¹⁰

Seo an chéad chreatlach uileghabhálach um beartas náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga ón mbreith go dtí 24 bliana d'aois. Sheol an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an chreatlach sa bhliain 2014. Déantar tríd an gcreatlach sraith chomhroinnte torthaí a shuíomh do leanaí agus do dhaoine óga a n-oibríonn na ranna rialtais, na gníomhaireachtaí, na seirbhísí reachtúla agus na hearnálacha

¹⁰ https://www.dcy.gov.ie/documents/cypp_framework/BetterOutcomesBetterFutureReport.pdf

deonacha pobail go léir ina leith, chun deimhin a dhéanamh de fhreagairt chomhchuí do leanaí agus do dhaoine óga. Straitéisí comhpháirte de “Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile” is ea an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht, 2015-2020 agus an Straitéis Náisiúnta don Aos Óg, 2015-2020.

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht, 2015-2020 i Meitheamh na bliana 2015. Is í sin an chéad straitéis ar rannpháirtíocht na leanaí agus na ndaoine óga sa chinnteoireacht san Eoraip. Is é is cuspóir leis an straitéis ná a chinntiú go mbeidh guth ag leanaí agus daoine óga ina gcuid saolta laethúla ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann thar na cúig réimse náisiúnta torthaí de “Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile”. Foilsíodh an chéad Tuarascáil Bhliantúil ar Fhorfheidhmiú na Straitéise seo in Iúil na bliana 2016. Foilsíodh sa bhliain 2015 treoir phraiticiúil ar leanaí agus daoine óga a chloistear go hannamh a chur san áireamh maidir leis an gcinnteoireacht.

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta don Aos Óg, 2015-2020 i nDeireadh Fómhair na bliana 2015. Saináithnítear sa Straitéis thart ar 50 gníomh tosaíochta le seachadadh ag Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus dreamanna eile, lena n-áirítear seirbhísí deonacha don aos óg. Dearadh na gníomhartha seo chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna ar ardtosaíochtaí iad do na daoine óga féin. Áirítear leo saincheistanna amhail teacht ar sheirbhísí meabhairshláinte ar líne don aos óg, Beartas Náisiúnta agus Plean Gníomhaíochta ar Mhurtall, deiseanna do na daoine óga is faide ó mhargadh an tsaothair, agus tionscnaimh fiontraíochta na n-óg i scoileanna agus i suíomhanna oibre don aos óg.

Forbairt na Saoráidí agus na Seirbhísí don Aos Óg i gCeantair faoi

Mhíbhuntáiste

Rinneadh soláthar suntasach i dtaca le forbairt na saoráidí agus na seirbhísí don aos óg i gceantair faoi mhíbhuntáiste sna blianta 2015/16, lena áiríodh na cinn seo a leanas:

- Tugtar tacaíocht ón gCiste Áiseanna agus Seirbhísí don Aos Óg do thart ar 230 tionscadal príomhshrutha. Cuireadh cistiú €18.4m ar fáil sa bhliain 2015 agus €18.9m sa bhliain 2016. Bunaíodh an ciste seo chun cuidiú le forbairt na straitéisí coisctheacha ar dhóigh spriocdhírthe, trí fhorbairt na saoráidí don aos óg, ina measc saoráidí spóirt agus saoráidí caithimh aimsire i gceantair faoi mhíbhuntáiste ina bhfuil fadhb shuntasach drugaí nó ina bhféadfadh a leithéid teacht chun cinn.
- €1m i gcistiú caipitil a cuireadh ar fáil do sheirbhísí spriocdhírthe don aos óg sna blianta 2015/2016. Bhí tionscadail agus seirbhísí a raibh maoiniú faoin gCiste Áiseanna agus Seirbhísí don Aos Óg á fháil acu intofa chun iarratas a dhéanamh.
- Thosaigh cur i ngníomh na moltaí san Athbhreithniú ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas¹¹ maidir le cláir don aos óg sa bhliain 2015 go háirithe, i bhfianaise fheidhmiú céimneach na Straitéise Náisiúnta don Aos Óg 2015-2020¹², a foilsíodh an 8 Deireadh Fómhair, 2015.
- Sa bhliain 2016, cuireadh tús le cúig cinn de Thionscadail Shamplacha ar Luach ar Airgead, a raibh leithdháileadh iomlán €200,000 acu, i gceithre cinn de cheantair a bhí i ngátar: Cill Mhantáin Thiar, Tiobraid Árann Theas, An Cabhán Thoir agus Droichead Átha.
- Tá an Tionscnamh Infhostaitheachta don Aos Óg, a fógraíodh i nDeireadh Fómhair na bliana 2015, á mhaoiniú ag Ciste na gCuntas Díomhaoin chun €600,000 a chur ar fáil do sheirbhísí deonacha don aos óg i dtaca le cláir do dhaoine óga nach bhfuil ag gabháil don oideachas, don oiliúint ná don fhostaíocht.
- Tá an Roinn tar éis gabháil do cheacht, i gcomhar le Pobal agus leis an Oifigeach Óige i ngach Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO), a dhéanfaidh léarscáilíocht ar an soláthar seirbhíse don aos óg ar fud an Stáit. Cuideoidh an ceacht léarscáilíochta seo leis an Roinn agus leis an mBord Oideachais agus Oiliúna a bhaineann le hábhar ó thaobh forbairt a dhéanamh ar phróifíl

¹¹ <https://www.dcy.gov.ie/documents/publications/20141223ValueforMoneyYouthProjects.pdf>

¹² <https://www.dcy.gov.ie/documents/publications/20151008NatYouthStrat2015to2020.pdf>

shochdhéimeagrafach mhionsonraithe maidir le líon na ndaoine agus leibhéal na díothachta araon.

Coistí na Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDÓ)

Foilsíodh an treoirphlean maidir le forbairt Choistí na Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDÓ) i Meitheamh na bliana 2015. Sna blianta 2015 agus 2016 cuireadh síolchiste ar fáil ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun tacú le tionscadail a roghnaíodh ó na pleananna trí bliana a bhí ag gach ceann de na CSLDÓ. Tugadh an feidhmiú céimneach ar bhonn náisiúnta de na CSLDÓ chun críche sa bhliain 2016. Bunaíodh seacht gcinn is fiche de na CSLDÓ agus bhí sé chomhordaitheoir is fiche acu go hiomlán. Áiríodh leis seo cúig cinn de CSLDÓ i réigiún Bhaile Átha Cliath agus comhordaitheoir CSLDÓ a bhí á roinnt ag contaetha áirithe. Is é Túsla a fhostaíonn na comhordaitheoirí go léir trí bhíthin comhchistiúcháin ón Roinn agus ó Thúsla.

Scéim Phíolótach um Maoirseacht ar Bhannaí

Seoladh Scéim Phíolótach um Maoirseacht ar Bhannaí i réigiún Bhaile Átha Cliath i Samhain na bliana 2016. Tá sé mar aidhm ag an Scéim um Maoirseacht ar Bhannaí seirbhís thimfhillteach agus tacaí teiripeacha sa phobal a chur ar fáil do leanaí agus dá dteaghlaigh, rud a chuideoidh le leanaí ar athchur ó thaobh cloí leis na coinníollacha bannaí, agus a laghdóidh ar an gcaoi sin an gá le leanaí a bheith ar athchur faoi choinneáil. Bronnadh conradh ar Extern chun Scéim um Maoirseacht ar Bhannaí a chur ar fáil ar bhonn píolótach i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, ar feadh dhá bhliain, maille le meastóireacht agus athbhreithniú go leanúnach.

2.2 An Roinn Oideachais & Scileanna

Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020¹³

Cuireadh tús le hAthbhreithniú Eatramhach¹⁴ ar an Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 sa bhliain 2015, ionas go bhféadfaí meastóireacht a dhéanamh ar na bearta i gcrích agus na dúshlán lenar buaileadh ó thaobh an straitéis a chur i ngníomh go dtí sin. Áiríodh leis an athbhreithniú eatramhach seo breithniú ar fhionnachtana taighde, ar an mbonn náisiúnta agus ar an mbonn idirnáisiúnta araon, agus próiseas comhairliúcháin le raon mór páirtithe leasmhara. Tháinig sé chun críche go déanach sa bhliain 2016 trí fhoilsiú PISA (2015)¹⁵ agus TIMSS (2015)¹⁶.

Thaispeáin an tAthbhreithniú Eatramhach a foilsíodh sa bhliain 2017, go raibh dul chun cinn mór déanta ag pointe lárbhealaigh na Straitéise. Is cúis mhaíte go mór mór an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn ó thaobh leibhéal litearthachta do chách a chur chun cinn. Rangaíodh scoláirí na hÉireann sa tríú háit as 35 thír den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíoch (ECFE/OECD) sa léitheoireacht in PISA 2015. Thairis sin, sainithníodh réimsí inar gá béim bhreise a leagan dá mba mhian le hÉirinn a huailmhian a bhaint amach, mar a sainíodh sa 'Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019', ba é sin go mbeadh an córas oideachais agus oiliúna ab fhéarr aici sna naoi mbliana le teacht.

Rinneadh an Mheasúnacht Náisiúnta ba dhéanaí ar Bhéarla agus ar Mhatamaitic sa bhliain 2014. Taispeántar sa tábla thíos na spriocanna bunaidh, an dul chun

¹³ https://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/pub_ed_interim_review_literacy_numeracy_2011_2020.PDF

¹⁴ <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Literacy-and-Numeracy/Review-of-National-and-International-Reports-on-Literacy-and-Numeracy.pdf>

¹⁵ <http://www.oecd.org/education/pisa-2015-results-volume-i-9789264266490-en.htm>

¹⁶ <http://www.erc.ie/wp-content/uploads/2016/11/TIMSS-initial-report-FINAL.pdf>

cinn a taifeadadh agus na spriocanna nua a cinneadh tar éis an athbhreithnithe eatramhaigh.

Measúnacht Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic (MNLBM/NAERM) - Na Bunscoileanna Go Léir		Sprioc do 2020 a leagadh amach i Straitéis 2011	Scéal Reatha (MNLBM /NAERM 2014)	Sprioc Nua
Léitheoireacht: ar leibhéal 3 nó os a chionn sin	Rang a Dó	40%	46%	50%
	Rang a Sé	40%	44%	50%
Léitheoireacht: ar leibhéal 1 nó faoina bhun sin	Rang a Dó	30%	22%	20%
	Rang a Sé	30%	25%	20%
Matamaitic: ar leibhéal 3 nó os a chionn sin	Rang a Dó	40%	47%	53%
	Rang a Sé	40%	42%	50%
Matamaitic: ar leibhéal 1 nó faoina bhun sin	Rang a Dó	30%	26%	20%
	Rang a Sé	30%	27%	20%

Bhí an fheidhmíocht fhoriomlán ar léitheoireacht Bhéarla i Rang a Sé go suntasach nób airde i Measúnacht Náisiúnta '14 ná i Measúnacht Náisiúnta '09, de 13 phointe scórála. Thairis sin, is féidir an méid comhfhreagrach éifeachta, 0.26, a mheas mar rud atá tábhachtach go substainteach. Breathnaíodh freisin ar mhéaduithe suntasacha feidhmíochta i dtaca leis na fo-scálaí comhpháirte um Stór Focal Léitheoireachta agus Tuiscint Léitheoireachta agus i dtaca leis na fo-scalaí próisis um Aisghabh, Bain Tátal, Comhtháthaigh & Léirmhínigh agus Scrúdaigh & Measúnaigh.

Bhí an fheidhmíocht fhoriomlán ar mhatamaitic i Rang a Dó agus i Rang a Sé go suntasach nób airde i Measúnacht Náisiúnta '14 ná i Measúnacht Náisiúnta '09, de 14 phointe scórála agus de 12 phointe scórála, faoi seach. Ba é an méid éifeachta i Rang a Dó ná 0.28 agus i Rang a Sé ná 0.24, agus is féidir an dá cheann acu a léirmhíniú mar rud atá tábhachtach go substainteach (is é sin le rá, is féidir iad a mheas mar rud mór).

Taispeántar sa tábla seo thíos na torthaí i dtaca le PISA

Clár do Mheasúnú Idirnáisiúnta Mac Léinn – Na hIar-Bhunscoileanna Go Léir		Spríoc do 2020 a leagadh amach i Straitéis 2011	Scéal Reatha (CMIML/ PISA 2015)	Nua
Léitheoireacht: ar leibhéal 4 nó os a chionn sin	scoláirí atá 15 bliana d'aois		28%	33%
Léitheoireacht: ar leibhéal 5 nó os a chionn sin (na gnóthachtálaithe is airde)	scoláirí atá 15 bliana d'aois	Ní raibh spriocanna comhfhreagracha ar bith i straitéis na bliana 2011	7%	10%
Léitheoireacht: ar leibhéal 1 nó faoina bhun sin	scoláirí atá 15 bliana d'aois		16%	12%
Matamaitic: ar leibhéal 4 nó os a chionn sin	scoláirí atá 15 bliana d'aois		23%	29%
Matamaitic: ar leibhéal 5 nó os a chionn sin (na gnóthachtálaithe is airde)	scoláirí atá 15 bliana d'aois		6%	10%
Matamaitic: ar leibhéal 1 nó faoina bhun sin	scoláirí atá 15 bliana d'aois		22%	16%

Fionnadh i dTreochtaí sa Staidéar Idirnáisiúnta ar an Matamaitic agus ar an Eolaíocht - TIMSS 2015 (Samhain 2016) go raibh, ar leibhéal na bunscoile, scór meánach na scoláirí Éireannacha go suntasach níos airde sa bhliain 2015 ná sa bhliain 2011.

Tá an chéad Mheasúnacht Náisiúnta eile ar Bhéarla agus ar Mhatamaitic le heagrú sa bhliain 2020.

Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (CDSS/DEIS)

Ba i mBealtaine na bliana 2005 a seoladh ‘Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (CDSS/DEIS) – an Plean Gníomhaíochta um Chuimsiú Oideachasúil’ agus is é sin fós ionstraim bheartais na Roinne Oideachais agus Scileanna chun aghaidh a thabhairt ar an míbhuntáiste oideachasúil. Áiríodh 825 scoil leis an gclár sa scoilbhliain 2016/17.

Foilsíodh sa bhliain 2015 “Foghlaim ón Meastóireacht ar an gClár ‘Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh’”¹⁷ – Tuarascáil de chuid na Institiúide um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES/ESRI) arna coimisiúnú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar chur i ngníomh DEIS thar deich mbliana. Measúnaíodh sa tuarascáil príomhfhionnachtana an taighde seo agus cuireadh comhairle ar fáil chun teorú an bheartais sa todhchaí a mhúnlú i ndáil leis an míbhuntáiste oideachasúil, agus DEIS san áireamh.

I ndiaidh an fhoilseacháin seo, cuireadh tús sa bhliain 2015 le próiseas chun clár DEIS a athbhreithniú agus bhí sé sin ag druidim chun críche i ndeireadh na bliana 2016. Scrúdaíodh gach gné de DEIS i bpróiseas an athbhreithnithe. Áiríodh le próiseas an athbhreithnithe creat nua measúnachta inar úsáideadh sonraí lárshéalbhaithe de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh agus de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna d’fhonn scoileanna a shainaithint chun iad a áireamh le Clár nua.

Thug an Foras Taighde ar Oideachas agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna faoi thástáil sa bhliain 2016 chun measúnacht a dhéanamh ar tháirgí gnóthachtála na ndaltaí agus ar an bpleanáil sna scoileanna a bhí ag glacadh páirte i gClár DEIS. Bhí na torthaí le foilsiú sa bhliain 2017. Tá a thuilleadh eolais, agus raon cáipéisí meastóireachta a foilsíodh faoi DEIS ar fáil ar láithreán gréasáin an Fhorais Taighde ar Oideachas ag www.erc.ie

An Clár Críochnaithe Scolaíochta

Croíchuid den tSeirbhís Leasa Oideachais arna soláthar ag Túsla is ea an Clár Críochnaithe Scolaíochta. Cuireann an clár ar chumas na bpobal áitiúil forbairt a dhéanamh ar straitéisí saincheaptha chun leibhéil na rannpháirtíochta a mhéadú a oiread agus is féidir i measc na ndaoine sin a bhíonn i mbaol na luathfhágála scoile. Tá freagracht ar Sheirbhís Leasa Oideachais Thúsla deimhin a dhéanamh de go bhfuil gach leanbh ag freastal go rialta ar scoil, nó ar dhóigh eile go bhfuil íoschaighdeán oideachais á fháil aige nó aici. Tacaíonn an tseirbhís le freastal rialta scoile, téann sí i ngleic le fadhbanna na neamhláithreachta agus cuireann sí

¹⁷ <https://www.esri.ie/system/files?file=media/file-uploads/2015-07/RS39.pdf>

seirbhís ghinearálta leasa oideachais ar fáil. Faigheann an tseirbhís atreoruithe ó údaráis scoile, ó thuismitheoirí agus ó dhaoine eile maidir le buarthaí faoi leas oideachais na leanaí ar leith.

D'fhoilsigh an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta athbhreithniú ar oibriú an Chláir Chríochnaithe Scolaíochta¹⁸ sa bhliain 2015. Fionnadh san athbhreithniú gur tharla feabhsú ar na leibhéil freastail agus i gcéatadán na ndaoine óga a bhí ag fanacht ar scoil go dtí an Ardteistiméireacht. Ba é an tátal a baineadh ná gur chomhlíon an Clár Críochnaithe Scolaíochta, mar aon le DEIS, cion tábhachtach feidhme. Tá roinnt áirithe gníomhartha glactha ag Túsla chun oibriú an chláir a neartú, amhail feabhas a chur ar phleananna bliantúla coinneála agus pléití a thionól le páirtithe leasmhara ábhartha ar na fionnachtana ón athbhreithniú agus ar an gcaoi le croífhaidhmeanna an chláir a neartú.

Rinneadh tiomantas sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta go ndéanfaí an Straitéis Chríochnaithe Scolaíochta a fhorbairt. Bhí an Straitéis seo le forbairt i rith na bliana 2017.

Rannpháirtíocht in Oideachas

Is é an sainmhíniú ar luathfhágálaithe scoile ná daoine atá idir 18 mbliana agus 24 bliana d'aois, a bhfuil iar-bhunoideachas sóisearach ar a mhéad acu agus nach bhfuil i mbreisoideachas ná oiliúint. Is í príomhspríoc an AE 2020 i leith na luathfhágála scoile ná 10%. Is í an spríoc náisiúnta atá leagtha amach ag Éirinn ná 8%. Thit sciar reatha na hÉireann de luathfhágálaithe scoile ó bhonnlíne 10.8% sa bhliain 2011 go 6.3% sa bhliain 2016, arbh éard a bhí ann ná dul chun cinn an-dearfach os cionn na sprice.

Is í spríoc an AE 2020 do dhaoine atá 30-34 de bhlianta d'aois agus a bhfuil oideachas tríú leibhéal nó a mhacasamhail críochnaithe acu ná méid os cionn 40%, is í spríoc na hÉireann ná 60% ar a laghad. Shroich Éire 52.3% sa bhliain 2015 agus 52.9% sa bhliain 2016.

¹⁸ <https://www.esri.ie/publications/review-of-the-school-completion-programme>

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)

Cé go tacaítear le forbairt na hinniúlachta acadúla, sóisialta agus mothúchánaí i measc na ndaltaí ar fad, tugann seirbhís síceolaíochta na Roinne, SNSO, tosaíocht dá tacaíocht le daltaí a bhíonn i mbaol an mhíbhuntáiste oideachasúil agus leo siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Sa bhliain 2015, tháirg agus scaip SNSO “Folláine i mBunscoileanna: Treoirínte maidir le Meabhairshláinte a Chur Chun Cinn”.
- Faoin ‘bPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019’ tugtar tosaíocht mhór do thacaíocht le meabhairshláinte agus folláine, agus ina thaobh seo, tugtar tiomantas sa ‘Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019’ do mhéadú ar líon foirne SNSO de 65 shíceolaí.
- Thosaigh próiseas náisiúnta earcaíochta le linn na bliana 2016 chun painéil réigiúnacha earcaíochta a chur ar bun d’fhonn caoi a thabhairt ar aisghabháil na gcaillteanas foirne i seirbhísí SNSO ach freisin d’fhonn tús a chur le forghníomhú an tiomantais i dtaca le méadú na foirne.

Meastóireacht ar Sholáthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i mBunscoileanna¹⁹

Tugadh isteach i Meán Fómhair na bliana 2016 nuashamhail mheastóireachta ‘Meastóireacht ar Sholáthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i mBunscoileanna’. Tá éascaíocht déanta ag an tsamhail d’eolas atá cuimsitheach agus bord ar bhord leis na hathruithe is déanaí a bhailiú ar chaighdeán an tsoláthair do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbunscoileanna. Ó tugadh isteach í:

- Baineadh feidhm as an tsamhail i 15 cinn de bhunscoileanna
- Seoladh trí cinn déag de Chigireachtaí Ábhair i scoileanna príomhshrutha ar leibhéal an iar-bhunoideachais
- Seoladh deich gcinn de mheastóireachtaí i lárionaid Ógtheagmhála
- Rinneadh cigireacht ar gach scoil ina raibh Aonad Ardtacaíochta nó Aonad Sainchúraim agus ar Scoileanna Coinneála Leanáí i rith na bliana 2016.

¹⁹ <https://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluations-of-Provision-for-Pupils-with-Special-Educational-Needs-in-Primary-Schools/>

Bhí an Chigireacht ag súil leis go bhfoilseofaí sa bhliain 2017 Tuarascáil Ilchodach ar Oideachas na Leanaí faoi Choinneáil agus faoi Chúram ar bhonn na meastóireachtaí a rinneadh idir an bhliain 2013 agus an bhliain 2015. Rinneadh samhail na meastóireachta i gcomhair na scoileanna seo a chur bord ar bhord leis an eolas ba dhéanaí, i bhfianaise fhionnachtana na Tuarascála Ilchodaí.

Riachtanais Speisialta Oideachais

Thug an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta faoi mheasúnacht chuimsitheach ar scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta agus chuir sí tús le hobair ar fhorbairt na dtograí i dtaca le nuashamhail chun Cúntóirí Riachtanas Speisialta a lamháil. Bhí an tuarascáil ar an measúnacht chuimsitheach agus na tograí i dtaca leis an nuashamhail le críochnú faoi dheireadh an Mhárta 2018.

Táthar ag leanúint de theicneolaíocht chúnta a mhaoiniú chun a chinntiú go bhfuiltear ag tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ó thaobh teacht ar an gcuraclam. Tá seirbhís síceolaíochta na Roinne, SNSO, i measc seirbhísí eile, ag tabhairt tosaíochta dá tacaíocht le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Oideachas don Lucht Siúil

I gcomhréir leis an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil, tá an soláthar don Lucht Siúil príomhshruthaithe agus tá an soláthar a bhí leithscartha roimhe seo á mhaoiniú anois mar chuid den chóras príomhshrutha. Tá roinnt áirithe tacaí atá bainteach go sonrach leis an Lucht Siúil fós sa chóras chun cuidiú leis an trasdul go córas príomhshrutha na ndaltaí, rud a bhí á chur ar fáil roimhe seo trí sholáthar leithscartha. Is éard atá anseo ná: 141 phost mar mhúinteoir acmhainne maolúcháin do scoileanna ina bhfuil líon suntasach daltaí ón Lucht Siúil.

Faigheann scoileanna caipitíocht bhreise do dhaltaí ón Lucht Siúil ar ráta €70 in aghaidh an dalta ar leibhéal an Bhunoideachais, agus €201 in aghaidh an dalta ar leibhéal an Iar-bhunoideachais.

Bhí an céimniú amach ar an dá scoil speisialta don Lucht Siúil amháin, a bhí fós ann, á phlé le pátrún na scoileanna.

Ghlac an Roinn Oideachais agus Scileanna páirt sa Ghrúpa Stiúrtha a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar an bhforbairt agus ar an gcur i ngníomh maidir le Straitéis Náisiúnta nua um Chuimsiú an Luchta Shiúil agus na Romach (NTRIS 2016-2020), rud a bhí á threorú ag an Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais.

2.3 An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí

An Scéim Díbhinne um Fhilleadh ar Obair

Tugadh isteach sa bhliain 2015 an Scéim Díbhinne Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair agus tá sé mar aidhm aici cabhrú le teaghlaigh bogadh ón leas sóisialach isteach san fhostaíocht. Tá sí seo ar fáil do thuismitheoirí aonair a théann le fostaíocht, agus iad siúd atá ag baint leasa as an bhForlíonadh Ioncaim Teaghlaigh san áireamh. Ceadáíonn an Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair do chustaiméirí an chuid dá n-iaríocaíocht, a bhaineann le Méadú um Leanbh Cáilithe, a choinneáil ar feadh dhá bhliain, rud a chiallaíonn teidlíocht iomlán ar an Méadú um Leanbh Cáilithe (ar fiú €1,550 in aghaidh an linbh é) sa chéad bhliain agus teidlíocht 50% sa dara bliain. Tugann sé seo dreasacht shuntasach do theaghlaigh le leanáí a théann le fostaíocht – mar a thuairiscíonn an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta²⁰. Leanann an Roinn d'fhaireachán a dhéanamh ar na dreasachtaí d'fhaighteoirí an leasa shóisialaigh chun go ndéanfaidh siad trasdul ón leas sóisialach go dtí an fhostaíocht d'fhonn leanúint de chothabháil a dhéanamh ar an dreasacht isteach san fhostaíocht.

Taca Ioncaim Leanáí

Chonacthas sa bhliain 2015 an chéad laghdú ar líon na leanáí faoi chuing na bochtaineachta seasmhaí ó bhí an bhliain 2008 ann. Tugadh isteach roinnt áirithe beart cáinainnéise i ndáil le taca ioncaim leanáí thar an dá bhliain:

²⁰ <http://www.esri.ie/pubs/Savage-Making-Work-Pay-More-BudgetPerspectives2016.16Jun15.pdf>

2015

- Mhéadaigh ráta míosúil an tSochair Linbh de €5 ó €130 go €135
- Tugadh isteach Scéim dhá sheachtain nua an tSochair Atharthachta.

2016

- Mhéadaigh ráta míosúil an tSochair Linbh de €5 sa bhreis go €140 in aghaidh na míosa.
- Faomhadh méadú ó €9.60 go €15.60 in aghaidh na seachtaine ar ráta an linbh den Liúntas Soláthair Dhírigh a íoctar i leith leanaí a chónaíonn laistigh de chóras an tSoláthair Dhírigh.
- Mar chuid de Cháinainnéis na bliana 2016 méadaíodh an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIT) (a athainmníodh ina dhiaidh sin go dtí an Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht) de €5 in aghaidh na seachtaine do theaghlaigh le leanbh amháin agus €10 in aghaidh na seachtaine do theaghlaigh le beirt leanaí nó níos mó.

Baineadh amach sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016 an sprioc ó thaobh comhluach na dtacaí ioncaim leanaí a choinneáil ar 33% go 35% d'íosráta na híocaíochta leasa shóisialaigh do dhuine fásta. Tá an Roinn ag leanúint d'fhaireachán agus d'fheabhsú a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na dTacaí Ioncaim Teaghlaigh agus Leanaí ó thaobh an bhochtaineacht i measc na leanaí a laghdú.

Clár na mBéilí Scoile

Cuireadh ar fáil suim bhreise €2m sa bhliain 2015 do Bhéilí Scoile, rud a thug an leithdháileadh iomlán airgid go €39m. Úsáideadh an cistiú breise chun an cistiú a mhéadú i gcomhair na scoileanna reatha faoin gclár 'Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS)' de thart ar 20% sa chuid ba mhó de na cásanna. Tugadh tosaíocht do chlubanna bricfeasta a sholáthraíonn torthaí a bhíonn an-dearfach do leanaí leochaileacha ó thaobh a bhfreastail scoile, ó thaobh a bponcúlachta agus ó thaobh a leibhéal fuinnimh. Tugadh spreagadh do

scoileanna DEIS, nach raibh sa scéim cheana, dul isteach sa scéim.

Cuireadh ar fáil suim bhreise €3m sa bhliain 2016 do Bhéilí Scoile, rud a thug an leithdháileadh iomlán airgid go €42m. Úsáideadh an cistiú breise seo freisin ionas go bhféadfadh na scoileanna DEIS go léir bricfeasta a chur ar fáil do gach leanbh dá mba ghá sin agus lón don chuid ba mhó de na daltaí. Leanadh de bhéim a chur ar sholáthar na gclubanna bricfeasta agus ar scoileanna DEIS, nach raibh sa scéim cheana, a áireamh leis an scéim.

2.4 An Roinn Sláinte

Cúram Liachleachtóirí Ginearálta (LG) saor in aisce

Cuireadh tús sa bhliain 2015 le Cúram Liachleachtóirí Ginearálta (LG) do leanáí faoi bhun 6 bliana d'aois. Is féidir le gach leanbh atá cláraithe faoin Scéim freastal saor in aisce ar LG atá rannpháirteach sa Scéim.

Chomh maith le cuairteanna a thabhairt saor in aisce ar LG, cumhdaíonn an cárta cuairte LG do leanáí faoi bhun 6 bliana d'aois sainmheasúnachtaí in aois 2 bhliain agus in aois 5 bliana agus cúram feabhsaithe do leanáí a bhfuil an plúchadh (asma) orthu.

Féach an Chaibidil ar Phobail chun a thuilleadh eolais a fháil.

Cártaí Leighis

I Samhain na bliana 2016, d'fhaomh an Rialtas go n-ullmhófaí Cinn agus Scéim Ghinearálta an Bhille chun teidlíocht uathoibríoch ar chárta leighis a thabhairt do leanáí a fhaigheann an Liúntas Cúraim Bhaile (LCB). Ciallaíonn an reachtaíocht go gcáileoidh gach leanbh, a n-íoctar íocaíocht LCB ina leith, do chárta leighis go huathoibríoch agus, dá bhrí sin, nach mbeidh an leanbh sin faoi réir na tástála acmhainne um chárta leighis a thuilleadh tráth ar bith sa todhchaí le linn don LCB a bheith á fháil i leith an linbh. Shannfaí timpeall is 30,000 cárta leighis LCB.



Caibidil 3

Daoine in Aois Oibre

Spríoc 5: Gníomhachtú Mhargadh an tSaothair

Soláthar a dhéanamh ar thacaí ioncaim atá éifeachtúil agus dírithe ar an obair, mar aon leis na tacaí agus an treoir atá riachtanach chun cabhrú leo bealach isteach san fhostaíocht a phleanáil agus a chur i ngníomh, do na daoine dífhostaithe cláraithe ar fad. Soláthar a dhéanamh go háirithe ar dheiseanna ar a n-ionchais fostaíochta a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí breisluacha maidir le cuardach poist, teorú, taithí oibre, oideachas agus oiliúint, do dhaoine atá dífhostaithe le fada agus do dhaoine dífhostaithe óga.

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí (RGFCS)

2015

- Seoladh “Bealaí chun na hOibre 2015”. Seo an atriall deireanach ar straitéis an Rialtais a chumhdaíonn tréimhse cheithre bliana (2012-2015) chun dul i ngleic leis an ngéarchéim dífhostaíochta.
- Bhí plean nuashonraithe um “Bealaí chun na hOibre 2016-2020” á fhorbairt laistigh den Roinn.

2016

Foilsíodh in Eanáir na bliana 2016 straitéis nua um “Bealaí chun na hOibre 2016 – 2020”. Breithnítear sa straitéis an chaoi ar cóir bealaí gníomhachtúcháin, a shaothraítear in am an chúlaithe, a chur in oiriúint d’am an téarnaimh agus mar uirlis um chuimsiú sóisialta/gníomhach i dtréimhse an rathúnais.

Spríoc 6: Ó leas sóisialach go hobair

Tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist agus d’fhaighteoirí na hÍocaíochta eatramhaí cuardaitheora poist (iarfhaighteoirí na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora) trí Oifigí Intreo na Roinne agus eolas a chur ar fáil ar thacaí atá ar fáil ag an obair má tá siad ag aistriú isteach san fhostaíocht.

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí (RGFCS)

Thug an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí faoi athchóiriú fairsing ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora (ÍTA).

2015

- Tharla an chéim dheireanach den athchóiriú ar scéim ÍTA an 2 Iúil, 2015, nuair a laghdaíodh uastairseach aoise linbh na scéime go dtí 7 mbliana.

2016

- Ba go luath sa bhliain 2016 a thosaigh gníomhachtú na dtuismitheoirí aonair ar íocaíocht chuardaitheora poist i ngach oifig.

Taispeánann Measúnacht ar Thionchar Sóisialta na gCáinainneisí 2015 agus 2016 de chuid na Roinne go ndearnadh gnóthachan €18.55 in aghaidh na seachtaine do thuismitheoirí aonair i bhfostaíocht agus gnóthachan €7.90 in aghaidh na seachtaine do thuismitheoirí aonair nach mbíonn i bhfostaíocht.

Spríoc 7: Fostaíocht don Aos Óg

Na daoine óga dífhostaithe ar fad atá faoi bhun 25 bliana d'aois a tharraingt isteach trí Intreo, lena chinntiú go bhfaighidh siad tairiscint fostaíocta, oideachas leantach, printíseacht nó cúrsa oiliúna, a bheidh ar ardchaighdeán, laistigh de thréimhse cheithre mhí ó bheith dífhostaithe nó ó oideachas foirmiúil a fhágáil. Feabhas a chur ar scileanna infhostaitheachta do dhaoine óga trí dheiseanna seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla foghlama.

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí (RGFCS)

Faoi phróiseas na Ráthaíochta don Aos Óg, anois bíonn cásoifigigh Intreo ag plé ar bhonn míosúil le daoine dífhostaithe, ón tráth a bhíonn siad dífhostaithe, chun cuidiú leo pleananna pearsanta um dhul chun cinn i gcomhair na fostaíochta a ullmhú agus a chur i ngníomh.

Thit líon na ndaoine óga a ndearnadh dífhostaithe iad agus a d'fhan dífhostaithe ar feadh ceithre 4 mhí nó ní ba mhó ó bhonnlíne 37,200 sa bhliain 2013 go dtí;

2015 - 28,200

2016 - 23,000

Thit an ráta dífhostaíochta i measc na n-óg go seasta ó bhonnlíne na bliana 2013

27% go dtí;

2015 - 20.3%

2016 - 17%

Spríoc 8: Fostaíocht na nDaoine faoi Mhíchumas

Tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe na ndaoine faoi mhíchumas san obair trí scileanna, cumas agus neamhspleáchas a chruthú; naisc agus tacaí isteach san obair a chur ar fáil; an obair a dhéanamh slán ó thaobh an phá de; coinneáil na fostaíochta agus athiontráil san obair a chur chun cinn; tacaíocht gan uaim a chur ar fáil agus plé le fostóirí, mar chuid den Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024.

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí (RGFCS)

An Roinn Dlí & Cirt & Comhionannais

2015

- Seoladh Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta deich mbliana chun deimhin a dhéanamh de chur chuige comhordaithe chun tacú le daoine faoi mhíchumas ó thaobh dul chun cinn san fhostaíocht. Seo cur chuige trasrialtais arna chomhordú ag an Roinn Dlí & Cirt & Comhionannais.

2016

- D'oibrigh an RGFCS, i gcaitheamh na bliana 2016, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Sláinte agus an Roinn Oideachais agus Scileanna chun forbairt a dhéanamh ar chur chuige beartais, a bhí éifeachtach agus comhordaithe, d'fhonn cuidiú le daoine faoi mhíchumas, lena áiríodh iad siúd ar theastaigh leibhéal ard tacaíochta uathu, chun fostaíocht a fháil agus a choinneáil.
- D'fhógair an Rialtas i nDeireadh Fómhair na bliana 2016 go gcuirfí cistiú €2 mhilliún ar fáil do thionscadail chun tacaí réamh-ghníomhachtúcháin a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas sa bhliain 2017.

2015 & 2016

- Bhí sé mar aidhm ag an Tacaíocht um Chomhtháthú Fostaíochta agus Meabhairshláinte léiriú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le seirbhísí meabhairshláinte agus seirbhísí fostaíochta faoi thacaíocht (Infhostaitheacht) atá ann cheana comhlíonadh a dhéanamh ar an tsamhail bharrchleachtais um Shocrúchán agus Tacaíocht Aonair i dtaca le fostaíocht faoi thacaíocht trí chomhtháthú feabhsaithe. Le linn na tréimhse 2015 agus 2016, rinne an RGFCS

comhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Genio agus Athchóiriú Meabhairshláinte maidir leis an an Tacaíocht um Chomhtháthú Fostaíochta agus Meabhairshláinte.

- Rinne an RGFCS feidhmiú céimneach ar bhonn forásach dá seirbhís lánghníomhachtúcháin tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas ar mhian leo leas a bhaint as an tseirbhís ar bhonn deonach. Thosaigh an chéad chéim den fheidhmiú céimneach seo sa bhliain 2015 nuair a cuireadh an tseirbhís ar fáil i ndeich gcinn de Lárionaid Intreo. Rinneadh an tseirbhís a shíneadh go dtí na láithreacha eile go léir i gcaitheamh na bliana 2016.
- Sheol an Roinn athbhreithnithe éagsúla maidir leis an mbeartas breoiteachta/míchumais i rith na mblianta 2015 agus 2016, lena áiríodh:
 - Meastóireacht ar an tSeirbhís Infhostaitheachta.
 - Meastóireacht ar an Tionscadal um Ghníomhachtú Míchumais
 - Tuarascáil na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí faoin Suirbhé ar an Liúntas Míchumais 2015
 - Athbhreithniú ar an Obair a Dhéanamh Slán, ó Thaobh an Phá de, do dhaoine faoi mhíchumas

3.1 An Roinn Dí & Cirt & Comhionannais

An Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024²¹

Sheol an Rialtas an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas sa bhliain 2015 chun deimhin a dhéanamh de chur chuige comhordaithe ó thaobh tacú le daoine faoi mhíchumas chun dul chun cinn san fhostaíocht. Bíonn gá faoin straitéis le cur chuige trasrialtais a thugann le chéile gníomhartha na rann éagsúil rialtais agus gníomhartha na ngníomhaireachtaí éagsúla stáit agus iad ar theann a ndíchill chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní agus na dúshláin a théann i bhfeidhm ar infhostaitheacht na ndaoine faoi mhíchumas.

Buaileann grúpa forfheidhmiúcháin go rialta le chéile chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh na straitéise agus chun féachaint chuige go mbíonn gach Roinn Rialtais ag comhlíonadh a ndualgas agus ag sroicheadh a spriocanna.

An Clár Nascála

Tá an tSeirbhís Phromhaidh ag leanúint de luathú a dhéanamh ar thionscnaimh atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar phatrúin na hiompraíochta coiriúla atá bainteach leis an eisiámh sóisialta, ag féachaint go háirithe do thionscnaimh um cheartas aisiríoch. Tá tacaíocht tugtha ag an tSeirbhís go háirithe do shíneadh an Chláir Nascála chun méadú a dhéanamh ar líon na gciontóirí a cuireadh go rathúil i bhfostaíocht, in oideachas nó i Scéimeanna Fostaíochta Pobail.

Rinne an tSeirbhís Phromhaidh sa bhliain 2015 1,800 ciontóir a atreorú chuig Oifig Fostaíochta agus Oiliúna an Chláir Nascála. Seoladh 1,435 de na hatreoruithe seo i gcomhair socrúcháin agus cuireadh 677 duine i bhfostaíocht, in oideachas nó i Scéimeanna Fostaíochta Pobail. Rinne an tSeirbhís Phromhaidh 1,763 chiontóir a atreorú chuig Oifig Fostaíochta agus Oiliúna an Chláir

²¹ [http://www.justice.ie/en/JELR/Comprehensive Employment Strategy for People with Disabilities - FINAL.pdf/Files/Comprehensive Employment Strategy for People with Disabilities - FINAL.pdf](http://www.justice.ie/en/JELR/Comprehensive%20Employment%20Strategy%20for%20People%20with%20Disabilities%20-%20FINAL.pdf/Files/Comprehensive%20Employment%20Strategy%20for%20People%20with%20Disabilities%20-%20FINAL.pdf)

Nascála sa bhliain 2016, agus atreoraíodh 1,325 i gcomhair socrúcháin agus cuireadh 614 duine i bhfostaíocht, in oideachas nó i Scéimeanna Fostaíochta Pobail.

3.2 An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí

Bealaí chun na hOibre

Is í sprioc na mBealaí chun na hOibre ná a chinntiú go bhfaighidh daoine ar an mBeochlár an líon is mó post agus is féidir. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn ón tréimhse is measa de ghéarchéim na fostaíochta, nuair a bhain an dífhostaíocht buaicphointe os cionn 15% amach. Tá cion tábhachtach feidhme comhlíonta ag an straitéis um Bealaí chun na hOibre 2012 - 2015 maidir leis an dul chun cinn seo.

Tá béim leagtha ag na straitéisí comhleanúnacha um Bealaí chun na hOibre ar:

1. Éascaíocht a dhéanamh d'iontrálaithe nua ar an mBeochlár chun filleadh ar an obair (2012) – ag féachaint go mór mór do dhaoine nach bhfuil i bhfad dhífhostaithe.
2. Thairis sin, éascaíocht a dhéanamh dóibh siúd atá dífhostaithe le fada, agus do dhaoine dífhostaithe óga, chun filleadh ar an obair (2014 (An Ráthaíocht don Aos Óg); 2015; 2016-2020).
3. Ina theannta sin, éascaíocht a dhéanamh dóibh siúd ar daoine fásta in aois oibre iad ach nach bhfuil gníomhach faoi láthair (agus gan Íocaíochtaí Cuardaitheora Poist á bhfáil acu) agus a bhfuil cumas agus mian acu obair a chéanamh, chun dul isteach san fhostaíocht (2018-2020). Daoine nach sainmhínítear iad mar chuardaitheoirí poist sa chiall thraidisiúnta agus a bhféadfaidh dúshláin a bheith rompu ó thaobh fostaíocht a fháil.

Bealaí chun na hOibre – Plean Gníomhaíochta i leith 2016 – 2020²²

Foilsíodh an straitéis nua, 'Bealaí chun na hOibre 2016 – 2020', in Eanáir na

²²<https://www.welfare.ie/en/downloads/PathwaysToWork2016-2020.pdf>

bliana 2016. Breithnítear sa straitéis an chaoi ar cóir bealaí gníomhachtúcháin, a shaothraítear in am an chúlaithe, a chur in oiriúint d'am an téarnaimh agus mar uirlis um chuimsiú sóisialta/gníomhach i dtréimhse an rathúnais. Dá réir sin, chomh maith le béim a chur ar dhaoine atá cláraithe mar dhaoine dífhostaithe agus le linn dúinn a bheith ag díriú ar na daoine atá dífhostaithe le fada agus ar na daoine dífhostaithe óga, féadfaidh an gníomhachtú a bheith ag féachaint le díormaí daoine 'neamhghníomhacha' eile a spreagadh le páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair i dtréimhse an fháis gheilleagraigh agus an téarnaimh gheilleagraigh.

Baineann dhá ghné leis an 'Straitéis um Bealaí chun na hOibre' seo, mar sin:

1. Comhdhlúthú: Na leasuithe a rinneadh le déanaí ar na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta agus Leasa a chomhdhlúthú agus an soláthar a bharrfheabhsú chun na torthaí do na cliaint a uasmhéadú.
2. Forbairt: An teacht ar sheirbhísí gníomhachtúcháin a fhairsingiú, de réir a chéile agus de réir mar a bheidh acmhainní ar fáil, do dhaoine neamhfhostaithe eile in aois oibre.

As na 86 cinn de ghníomhartha i 'mBealaí chun na hOibre 2016 – 2020', bhí 42% acu a tugadh chun críche agus/nó bhí siad ag leanúint ar aghaidh sa bhliain 2016, lenar áiríodh:

- Seirbhísí Intreo a chur chun cinn do dhaoine deonacha agus dóibh siúd atá faoi mhíchumas
- Fóraim Réigiúnacha Scileanna a chur ar bun
- Prótacail idir an RGFCs agus soláthraithe seirbhísí fostaíochta eile a chur ar bun
- Printíseachtaí nua i bhfeidhm

Foilsíodh tuarascálacha ráithiúla stádais²³ ar an dul chun cinn i ngach ceann de na gníomhartha um 'Bealaí chun na hOibre' ar www.welfare.ie

²³ <http://www.welfare.ie/en/Pages/LMC-Pathways-to-Work-Publications.aspx>

Clocha Cora

Tá na clocha cora chun na hoibre á gcur ar fáil trí scéimeanna agus trí thionscnaimh fostaíochta mar iad seo a leanas:

Scéim Shóisialta na Tuaithe (SST) – cuireann an scéim seo tacaíocht ioncain ar fáil d'fheirmeoirí ar ioncam íseal agus d'iascairí ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe. Ina chomaoin sin, soláthraíonn na daoine a ghlacann páirt i SST seirbhísí a théann chun tairbhe do phobail na tuaithe. Fógraíodh 500 áit sa bhreis sa bhliain 2016.

Tionscnamh 'Tús' – scéim na socrúchán oibre pobail is ea Tús, ina gcuirtear deiseanna gearrthréimhseacha oibre ar fáil, a dhírítear ar na daoine sin a bhíonn dífhostaithe le fada. Tá 1,000 áit ar a laghad ar fáil do dhaoine dífhostaithe óga. Lena chois sin, tá 20% de na háiteanna infhaighte ar fáil i gcomhair atreoruithe cuidithe, agus daoine ar Íocaíochtaí Eatramhacha Cuardaitheora Poist (ar a dtugtaí custaiméirí ar Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora tráth) san áireamh.

Tairseach (Gateway) – seo scéim ghníomhachtúcháin saothair na n-údarás áitiúil ina bhfuil deiseanna gearrthréimhseacha oibre agus oiliúna á gcur ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe le fada agus atá ar an mBeochlár le breis agus dhá bhliain. Caithfidh na deiseanna oibre a bheith ag dul chun tairbhe don cheantar áitiúil. Sna blianta 2015 agus 2016 bhí 3,000 áit i dTairseach ar fáil do dhaoine a bhí dífhostaithe le fada. Ba é an méid áiteanna líonta i ndeireadh na bliana 2016 ná 2,913.

Scéimeanna Fostaíochta Pobail (FP) – tá na scéimeanna seo ceaptha chun cabhrú le daoine atá dífhostaithe le fada (nó atá faoi mhíbhuntáiste ar dhóigh eile) chun filleadh ar an obair trí shocrúcháin pháirtaimseartha shealadacha a thairiscint i bpoist atá bunaithe i bpobail áitiúla. Tugann rialacha nua na fostaíochta pobail teacht do chách ar na scéimeanna ó 21 bhliain d'aois; rachaidh sé seo chun tairbhe do dhaoine dífhostaithe óga a mbeidh teacht níos luaithe ar na scéimeanna acu anois. Thairis sin, beidh dreamanna áirithe, mar shampla, daoine ag déanamh athshlánúcháin ó dhrugaí, iarchiontóirí agus dídeanaithe, in ann teacht ar na scéimeanna agus iad 18 mbliana d'aois.

Aonaigh Phost

Thionóil an Roinn Aonaigh Phost éagsúla ar fud na tíre i gcaitheamh na mblianta 2015 agus 2016, lenar áiríodh Aonaigh ghinearálta mhóra ar Ghairmeacha ina ndearnadh freastal ar raon catagóirí fostaíochta in earnálacha éagsúla gnó agus Aonaigh Phost eile a bhí ní ba lú agus a bhain go sonrach le hearnáil amháin.

Imeacht bliantúil is ea Seachtain na bPost ina gcuirtear deis ar fáil maidir le raon na dtacaí agus na seirbhísí ó Intreo d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist.

Tharla 160 imeacht ar fud na tíre i Seachtain na bPost 2016, imeachtaí ar fhreastail 600 fostóir agus breis agus 16,000 cuardaitheoir poist orthu, agus iad seo a leanas san áireamh;

- Aonach Gaimeacha Intreo i gCaisleán Bhaile Átha Cliath (50 fostóir ag earcú i gcomhair breis agus 500 post agus d'fhreastail 2,000 cuardaitheoir poist air)
- Aonach Post an Mheán-Iarthair i Luimneach (d'fhreastail 2,500 duine air)
- Aonaigh Phost Bhun Cranncha agus Leitir Ceanainn (d'fhreastail 2,800 duine orthu)
- Aonach Céimithe Bithchógaisíochta i mBaile Átha Luain (d'fhreastail 1,000 duine air)

Áiríodh leis na himeachtaí eile timpeall na tíre Aonaigh Phost eile a bhí ní ba lú agus a bhain go sonrach le hearnáil amháin, 'Aonaigh Oideachais, Oiliúna agus Forbartha', clinicí CV agus seisiúin chóitseála 'duine le duine' do chuardaitheoirí poist.

Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora (ÍTA)

Thug an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí faoi athchóiriú fairsing ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora (ÍTA), lenar áiríodh an Liúntas Eatramhach Cuardaitheora Poist a thabhairt do thuismitheoirí aonair a bhfuil an leanbh is óige acu idir 7 mbliana agus 13 bliana d'aois. Ba in Iúil na bliana 2015 a tharla an cur i ngníomh den chéim dheireanach de na hathruithe ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora (ÍTA). Áiríodh leis an obair seo tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí aonair ar íocaíocht chuardaitheora poist, agus iad ag dul ar ais san fhostaíocht agus thosaigh an tacaíocht seo i ngach oifig go luath sa bhliain 2016. Le linn don chustaiméir a bheith ar an íocaíocht eatramhach chuardaitheora

poist, d'fhéadfadh an teacht ar na tacaí seo a bheith ar fáil go ceann seacht mbliana dá mbeadh an leanbh ab óige acu idir 7 mbliana agus 13 bliana d'aois. Seo tacaíocht i bhfad níos leithne ná an gealltanas ar feadh 12 mhí a mbíonn feidhm leis de ghnáth i leith na gcuardaitheoirí poist óna gcruinniú 'duine le duine'. Is í is aidhm leis an tacaíocht níos leithne seo ná feabhas a chur ar ionchais fostaíochta an duine.

I gCáinainnéisí na mblianta 2015 agus 2016 tugadh roinnt áirithe beart a chuaigh chun tairbhe do thuismitheoirí aonair, lena áiríodh tástáil acmhainne na hÍocaíochta Eatramhaí Cuardaitheora Poist a chur i gcomhréir ní ba dhlúithe le tástáil acmhainne na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora, arbh é an toradh leis ná tástáil acmhainne na hÍocaíochta Eatramhaí Cuardaitheora Poist a bheith ní ba fhlaithiúla do chustaiméirí. Thaispeáin Measúnacht ar Thionchar Sóisialta na gCáinainnéisí 2015 agus 2016 de chuid na Roinne go ndearnadh gnóthachan €18.55 in aghaidh na seachtaine do thuismitheoirí aonair i bhfostaíocht agus gnóthachan €7.90 in aghaidh na seachtaine do thuismitheoirí aonair nach mbíonn i bhfostaíocht.

Fostaíocht don Aos Óg

Faoi phríoséas na Ráthaíochta don Aos Óg anois, bíonn cásoifigigh Intreo ag plé ar bhonn míosúil le daoine dífhostaithe, ón tráth a bhí siad dífhostaithe, chun cuidiú leo pleananna pearsanta um dhul chun cinn i gcomhair na fostaíochta a ullmhú agus a chur i ngníomh. Más rud é nach bhfaigheann daoine óga obair go sciobtha, tairgtear tacaí breise dóibh trí áiteanna ar scéimeanna fostaíochta agus oiliúna. Baineann breis agus 80% de thairiscintí dá leithéid le huasoiliúint trí bhreisoideachas agus oiliúint.

Mhéadaigh líon na bhfostaithe lena thacaigh an scéim JobsPlus²⁴ ó 3,000 go 6,000 sa bhliain 2015. Maidir le gach fostaí a cháiligh do JobsPlusYouth²⁵ ó tugadh isteach na hathruithe ar na critéir intofachta i bhFeabhra na bliana 2015, cuirtear foirm chuige nó chuici chun an intofacht a dhaingniú agus is féidir í seo a

²⁴ <https://www.welfare.ie/en/Pages/jobsplus.aspx>

²⁵ <https://www.welfare.ie/en/Pages/jobsplus.aspx>

thabhairt d'fhostóirí ionchais.

Thit líon na ndaoine óga a ndearnadh dífhostaithe iad agus a d'fhan dífhostaithe ar feadh ceithre mhí nó ní ba mhó ná sin ó 37,200 sa bhliain 2013 go 28,200 sa bhliain 2015 agus go 23,000 sa bhliain 2016. Thit an ráta dífhostaíochta i measc na n-óg ó 27% go 17% i rith na tréimhse seo.

Léirítear sa tábla seo a leanas líon na rannpháirtithe nua ar scéimeanna oiliúna don aos óg sa bhliain 2015/2016.

Clár	Líon na Rannpháirtithe Nua	
	2015	2016
Lárionaid Ógtheagmhála/ Oiliúna Pobail	3,266	3,216
Breisoideachas agus Oiliúint (FET) do dhaoine dífhostaithe		
Móiminteam	1,056	122
Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas (gan Móiminteam a áireamh)	2,416	2,158
Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG/VTOS)	827	843
Oiliúint SOLAS (ar a dtugtaí FÁS tráth) do dhaoine dífhostaithe	7,152	5,875
	11,451	8,998
Taithí Oibre		
JobBridge	2,294	928*
Taithí Idirnáisiúnta Oibre agus Oiliúint Idirnáisiúnta	8	9
	2,302	937
Fostaíocht Shealadach		
Tús	1,388	1,280
Tairseach (Gateway)	142	6
Fostaíocht Phobail	726	855
	2,256	2,141
Fostaíocht Fhóirdheonaithe san Earnáil Phríobháideach		

Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair (féinfhostaíocht)	134	123
JobsPlus, agus JobsPlusYouth san áireamh (poist mar fhostaí)	710	732
	844	855
	20,119	16,147

Postchonnair (JobPath) – Clár um Ghníomhachtú Fostaíochta

Thug an Roinn Postchonnair (JobPath) isteach sa bhliain 2015. Tá an nuachlár seo um ghníomhachtú fostaíochta dírithe go sonrach ar na daoine atá dífhostaithe le fada (os cionn 12 mhí agus iad siúd atá faoi bhun 26 bliana d'aois san áireamh) agus orthu siúd is faide ó mhargadh an tsaothair, chun cuidiú leo fostaíocht lánaimseartha ar phá nó féinfhostaíocht a dhaingniú agus a bhuanú.

Fostaíocht na nDaoine Óga faoi Mhíbhuntáiste

Rinne an Roinn feidhmiú céimneach ar bhonn forásach dá seirbhís lánghníomhachtúcháin tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas ar mhian leo leas a bhaint as an tseirbhís ar bhonn deonach. Thosaigh an chéad chéim den fheidhmiú céimneach seo sa bhliain 2015 nuair a cuireadh an tseirbhís ar fáil i ndeich gcinn de Lárionaid Intreo. Rinneadh an tseirbhís a shíneadh go dtí na láithreacha eile go léir i gcaitheamh na bliana 2016. Tá oiliúint curtha ar fáil do bhreis agus 60 Cásoifigeach chun go soláthrófar saintacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas a thagann chuig Lárionaid Intreo.

Faoin Scéim Fostaíochta Pobail, oibríonn an Roinn le fostóirí ar bhonn leanúnach agus cuirtear chun cinn tacaí reatha ar an láthair oibre mar:

- Infhostaitheacht
- an Scéim um Fhóirdheontas Pá
- an Ciste um Fhreastal Réasúnach (ina gcuimsítear an Deontas um Oiriúnú Trealaimh ar an Láthair Oibre)
- an Deontas um Léitheoir Pearsanta
- an Deontas um Ateangaire Agallaimh Phoist
- an Deontas um Choinneáil Fostaí
- an Scéim um Thacaíocht Oiliúna Feasachta ar an Míchumas

Le linn na tréimhse 2015 agus 2016, rinne an Roinn comhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Genio²⁶ agus Athchóiriú Meabhairshláinte²⁷ maidir leis an Tacaíocht um Chomhtháthú Fostaíochta agus Meabhairshláinte. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal píolótach seo léiriú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le seirbhísí meabhairshláinte agus seirbhísí fostaíochta faoi thacaíocht (Infhostaitheacht) atá ann cheana comhlíonadh a dhéanamh ar an tsamhail bharrchleachtais um Shocrúchán agus Tacaíocht Aonair i dtaca le fostaíocht faoi thacaíocht trí chomhtháthú feabhsaithe.

I gcaitheamh na bliana 2016, d'oibrigh an RGFCS, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Sláinte agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, chun forbairt a dhéanamh ar chur chuige beartais a bhí éifeachtach agus comhordaithe d'fhonn cuidiú le daoine faoi mhíchumas.

Sheol an Roinn athbhreithnithe éagsúla maidir leis an mbeartas breoiteachta/míchumais i rith na mblianta 2015 agus 2016, lena áiríodh:

- Meastóireacht ar an tSeirbhís Infhostaitheachta²⁸
- Meastóireacht ar an Tionscadal um Gníomhachtú Míchumais²⁹
- Tuarascáil na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí faoin Suirbhé ar an Liúntas Míchumais 2015³⁰
- Athbhreithniú ar an Obair a Dhéanamh Slán, ó Thaobh an Phá de, do dhaoine faoi mhíchumas³¹

D'fhógair an Rialtas sa bhliain 2016 go gcuirfí cistiú €2 mhilliún ar fáil do

²⁶ <https://www.genio.ie/>

²⁷ <https://www.mentalhealthreform.ie/projects/integrating-employment-and-mental-health-support-iemhs/>

²⁸ <https://www.welfare.ie/en/downloads/IndeconEvaluationofEmployAbility.pdf>

²⁹ <https://www.welfare.ie/en/downloads/EvaluationofDACT-FinalReport-24September2015.pdf>

³⁰ <https://www.welfare.ie/en/downloads/DSPReportonDisabilityAllowanceSurvey2015.pdf>

³¹ <https://m.welfare.ie/en/Pages/Make-Work-Pay.aspx>

thionscadail chun tacaí réamh-ghníomhachtúcháin a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas sa bhliain 2017.

3.3 An Roinn Oideachais & Scileanna

An Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna 2014-2019³²

Tá sé mar aidhm ag an ‘Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna 2014-2019’ taithí foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar, arb é an toradh a bheidh air ná torthaí níos fearr dóibh siúd go léir a bheidh gafa leis.

Tá an cuimsiú gníomhach ar cheann d’eocharspriocanna na ‘Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna’. Tá cláir á soláthar do raon leathan dreamanna atá faoi mhíbhuntáiste nó i mbaol an eisiaimh, agus é mar aidhm acu caoi a thabhairt do gach saoránach le páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí. Tá an Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna á maoiniú trí SOLAS agus á seachadadh trí na 16 cinn de Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Infheistíonn an Rialtas breis agus €800 milliún i mbreisoideachas agus oiliúint gach bliain trí SOLAS agus na Boird Oideachais agus Oiliúna, rud a chuireann breis agus 270,000 áit ar fáil gach bliain chun tacú le hoideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar ar leibhéal 1 go 6 de Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí (CNC) do bhreis agus 320,000 tairbhí.

Déanann an Roinn Oideachais agus Scileanna agus SOLAS faireachán ar chur i ngníomh na Straitéise ar bhonn leantach tríd an ‘gCoiste Comhairleach ar Fhorfheidhmiú na Straitéise’. Bhí athbhreithniú lárthearma ar an Straitéis le tosú sa bhliain 2017.

³² <https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Further-Education-and-Training-Strategy-2014-2019.pdf>

An Straitéis Náisiúnta Scileanna go 2025³³

Mar chuid de 'Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2015', d'fhorbair an Roinn Oideachais agus Scileanna 'Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025 - Todhchaí na hÉireann'. Foilsíodh í seo in Eanáir na bliana 2016.

Forbraíodh an straitéis i bhfianaise an athchóirithe shuntasaigh san earnáil oideachais agus oiliúna chun deimhin a dhéanamh de chóras atá níos fuinniúla, níos freagrúla agus níos airde ó thaobh na cáilíochta agus atá ag soláthar an fheasa agus na scoileanna is gá chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar do gach foghlaimeoir.

Tá breis agus 150 beart agus 50 páirtí leasmhar ag an Straitéis agus tá creat á chur ar fáil aici ar mhaithe le forbairt na scileanna a chabhróidh le fás na hÉireann a thiomáint sa gheilleagar agus sa tsochaí araon sna deich mbliana le teacht.

Fórim Réigiúnacha Scileanna

Bunaíodh naoi gcinn d'Fhórim Réigiúnacha Scileanna sa bhliain 2016 chun a thuilleadh rannpháirtíochta a chothú idir an córas oideachais agus oiliúna, fostóirí agus páirtithe leasmhara fiontraíochta eile ó thaobh na scileanna i ngach réigiún a chruthú.

Bunaíodh na Fórim chun gnóthaí a chur i gcomhréir le beartas Rialtais níos leithne agus le tionscnaimh ar an bhforbairt gheilleagrach réigiúnach, agus na Pleananna Réigiúnacha Gníomhaíochta do Phoist san áireamh. Cinntítear trí struchtúr nuálach na bhfóram go mbíonn an plean oibre i ngach réigiún á thiomáint ag na heochairpháirtithe leasmhara sa réigiún, lena n-áirítear na fostóirí, na fiontair agus na soláthraithe oideachais agus oiliúna.

An Plean Forfheidhmiúcháin Printíseachta³⁴

Bunaíodh an Chomhairle Phrintíseachta i Samhain na bliana 2014 tríd an 'bPlean Forfheidhmiúcháin Printíseachta'. In Eanáir na bliana 2015 rinne an Chomhairle

³³ https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/pub_national_skills_strategy_2025.pdf

³⁴ <https://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/Apprenticeship-Implementation-Plan.pdf>

glaos oscailte ar thograí printíseachta nua. Fuair an Chomhairle 86 thogra ó chuibhreannais de chomhlachtaí fiontraíochta, de chomhlachais ghairmiúla agus de sholáthraithe oideachais agus oiliúna. Tar éis don Chomhairle próiseas cuimsitheach meastóireachta a dhéanamh, shainaithin sí 25 chlár nua a bhí inbhuanaithe agus ullamh chun cromadh ar chéim mhionsonraithe um pleanáil agus forbairt.

Thosaigh athbhreithniú ar churaclaim na printíseachta ceardaíochta reatha go luath sa bhliain 2015 agus uaidh seo rinneadh bailíochtú ar chúig churaclam:

- Cearpantóireacht agus Siúinéireacht,
- Ceird Leictreach,
- Pluiméireacht,
- Oibriú Miotail agus
- Meicneoir Feithiclí Troma.

Cuireadh 14 churaclam eile faoi bhráid Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ/QQI) lena mbailíochtú i Mí na Nollag 2016.

Amhail ar an 31 Mí na Nollag 2016, thosaigh dhá phrintíseacht nua, Cleachtóir Árachais agus Innealtóir Leictreach Tionsclaíoch, agus bhí a thuilleadh beartaithe i leith na bliana 2017.

An Plean Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas (2015-2019)³⁵

Seoladh an 'Plean Náisiúnta Rochtana i leith 2015-19' i Mí na Nollag 2015. Sa phlean tá 5 phríomhspríoc agus breis agus 30 gníomh, atá ceaptha chun cuidiú le dreamanna atá faoi ghannionadaíocht ó thaobh páirt a ghlacadh san oideachas tríú leibhéal. Tá roinnt áirithe aidhmeanna sa phlean maidir le hearnálacha sonracha mac léinn, ina measc mic léinn faoi mhíbhuntáiste, mic léinn faoi mhíchumas, mic léinn lánfhásta, agus daoine den Lucht Siúil.

³⁵ <http://hea.ie/assets/uploads/2017/06/National-Plan-for-Equity-of-Access-to-Higher-Education-2015-2019.pdf>

Tá sé mar aidhm ag an 'bPlean Rochtana' príomhshruthú a dhéanamh ar chlár oibre na rochtana sa dóigh go ndéanfar an fhreagracht as cothú na héagsúlachta breise a shíneadh thar oifigigh rochtana atá ainmnithe. Tá sé mar aidhm ag an bPlean freisin cumhacht a thabhairt do mhic léinn ó thaobh an beartas rochtana a fhorbairt, agus na naisc a neartú idir an breisoideachas agus an t-ardoideachas.

3.4 An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige

Cúram Leanaí

Bhunaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Grúpa Idir-Rannach sa bhliain 2015 chun breithniú a dhéanamh ar an infheistíocht sa chúram leanaí sa todhchaí. Mhol an grúpa sin go ndéanfaí athchóiriú ar na scéimeanna cúraim leanaí, agus an Scéim um Chúram Leanaí Oiliúna agus Fostaíochta san áireamh, agus go gcruthófaí scéim amháin a bheadh níos insroichte agus a cheadódh an fóirdheonú ar theaghlaigh ar ioncam íseal gan beann ar a bheith spleách ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Cuireadh síolchiste ar fáil i gCáinainéis na bliana 2016 chun forbairt a dhéanamh ar an scéim nua seo agus thosaigh an obair ar fhorbairt na scéime. Áirítear na cinn seo a leanas le samplaí d'infheistíochtaí eile i gclár chúraim leanaí chun tacú le tuismitheoirí:

- An Clár Fóirdheontais um Chúram Leanaí Pobail: ba iad na costais i leith na bliana 2016 ná €38,633,526 maille le 24,561 leanbh a bhí faofa agus cláraithe i gcomhair an chláir 2015/16.
- An Scéim Tacaíochta Cúraim Leanaí um Oiliúint agus Fostaíocht: ba iad na costais i leith na bliana 2016 ná €11,914,000 maille le 3,991 leanbh a bhí faofa agus cláraithe i gcomhair an chláir.
- Scéim um Chúram Iarscoile Leanaí: ba é costas na scéime ná €1,515,000 i leith na bliana 2016 maille le piocúlacht 669 áit chúraim leanaí a bhí cláraithe i gcomhair an chláir.
- An Clár um Chúram Leanaí Fostaíochta Pobail: ba é costas an chláir ná €4,947,000 i leith na bliana 2016 maille le 2,505 chlárúchán go hiomlán i leith 2015/2016.



Caibidil 4

Daoine Scothaosta

Spríoc 9: Cúram Pobail

Leanúint ar aghaidh ag tacú le daoine scothaosta chun maireachtáil faoi dhínit agus neamhspleáchas ina n-áiteanna cónaithe féin agus ina bpobail féin chomh fada agus is féidir. Más rud é nach bhfuil sé seo indéanta, tacú le teacht ar chúram fadtréimhseach cónaithe ar ardchaighdeán cuí.

An Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil (RTPRÁ)

Ba in Iúil na bliana 2016 a foilsíodh 'Atógáil na hÉireann: plean gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine'. Leagtar amach sa plean raon gealltanais chun tacú le daoine scothaosta.

Spríoc 10: Pinsin Stáit agus Pinsin Áite Oibre

Leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na bpinsean Stáit a chothabháil agus, nuair is féidir sin, feabhas a chur ar thorthaí tríd an bpróiseas um athchóiriú na bpinsean. Forbairt a dhéanamh ar threochlár agus amlíne chun córas forlíontach uilíoch um choigilteas scoir a thabairt isteach ina ndéantar breithniú ar na tosca comhpháirte a bhaineann le cruthú scéime a bhíonn leathan, éifeachtach agus éifeachtúil: gnéithe deartha; meastacháin chostais agus creat ama chun é a thabhairt isteach de réir a chéile.

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí (RGFCS)

Sáraíodh an gealltanais ó thaobh leordhóthanacht na bpinsean stáit a chothabháil ó cheann ceann na mblianta 2015/16. Bhí fíorluach an phinsin stáit sa bhliain 2016 7% ní ba mhó ná leibhéal na bliana 2007. Leanadh ar aghaidh sa tréimhse chéanna leis an obair ar an mbonn fianaise a shuíomh chun taca a chur faoi chinntí bunúsacha a bheidh riachtanach nuair a bheidh an creat cuí oibriúcháin agus na míreanna deartha á roghnú i dtaca le nuachóras uilíoch coigilitis scoir um chlárú uathoibríoch. Bhí sé beartaithe go sonródh an Rialtas faoi dheireadh na bliana 2017 na bearta a dhéanfaí agus na hamlínte a bhainfeadh leis an gclárú uathoibríoch a sheachadadh nuair a bheadh plean ní ba leithne um chóiriú na bpinsean thar cúig bliana á fhoilsiú. (Rud a foilsíodh ina dhiaidh sin i bhFeabhra na bliana 2018)

4.1 An Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil

Atógáil na hÉireann: plean gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine³⁶

Foilsíodh ‘Atógáil na hÉireann’ in Iúil na bliana 2016. Tugtar aghaidh sa phlean cuimsitheach faoi gach gné den chóras tithíochta faoi chúig Cholún:

- Aghaidh a Thabhairt ar an Easpa Dídine
- An Tithíocht Shóisialta a Bhrostú
- Tuilleadh Tithe a Thógáil
- Feabhas a Chur ar an Earnáil Chóiríochta ar Cíos
- Leas a Bhaint as an Tithíocht Reatha

Aithnítear sa phlean gurb ionann aosú ár ndaonra agus ceann de na forbairtí déimeagrafacha agus sochaíocha is suntasaí a mbeidh ar Éirinn aghaidh a thabhairt orthu sna blianta le teacht, agus tuartar go sroichfidh líon na ndaoine os cionn 65 bliana d’aois 1.4 milliún faoin mbliain 2041. Is mór na ciallachais bheartais phoiblí ó thaobh na réimsí mar thithíocht.

Glacfar nuachur chuige tras-Rannach/idir-ghníomhaireachta, dá bhrí sin, chun tionscnaimh thithíochta do dhaoine scothaosta a chur ar aghaidh, lena n-áireofar tionscadal píolótach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le forbairt seasca teach, maille le deiseanna ar thograí dá leithéid sin i gceantair na n-údarás áitiúil eile a mbeifear ag gabháil dóibh in éineacht leis an tionscadal píolótach.

Ag féachaint don tábhacht a bhaineann le deontais um oiriúnú tithe agus le deontais eile a chabhraíonn le daoine scothaosta maireachtáil nób fhaide go compordach ina n-áiteanna cónaithe féin trí chlár de chuid na n-údarás áitiúil agus de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ciorfaidh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an chaoi ar féidir cuíchóiriú agus simpliú a

³⁶ <http://rebuildingireland.ie/>

dhéanamh ar an bpróiseas ó thaobh teacht ar na deontais seo.

Féach an Chaibidil ar Phobail chun a thuilleadh eolais a fháil.

Scéimeanna na nDeontas um Oiriúnú Tithe

Sa bhliain 2015, cuireadh cistiú iomlán €50.5m ar fáil faoi choimirce Scéimeanna na nDeontas um Oiriúnú Tithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas agus íocadh 7,596 dheontas. Is ann do ghealltanais faoi Chlár an Rialtais agus faoi Atógáil na hÉireann araon an cistiú i gcomhair na scéime a mhéadú. Cuireadh cistiú iomlán €56.25m ar fáil sa bhliain 2016 agus íocadh 8,010 deontas. Tá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag leanúint d'oibriú le húdaráis áitiúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar na scéime agus cuíchóiriú a dhéanamh ar phróiseas na n-iarratas ó na hiarratasóirí.

4.2 An Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail

Scéim Foláirimh do Sheanóirí

Déanann Clár an Rialtais soláthar d'infheistíocht shuntasach sa Scéim Foláirimh do Sheanóirí chun a thuilleadh sábháilteachta agus a thuilleadh suaimhnis intinne a chur ar fáil dóibh siúd a chónaíonn sa bhaile. Gheall an Roinn go ndéanfaí breithniú maidir le cur chuige nua i leith na Scéime Foláirimh do Sheanóirí sa bhliain 2014 agus, ag éirí as an méid seo, cinneadh go mbainistíodh Pobal an scéim, ag féachaint do thaithí shuntasach na heagraíochta ó thaobh cláir a sheachadadh ar son an Rialtais. Cé go mbainistíonn Pobal an scéim ar son na Roinne, ní foláir a thabhairt faoi deara go gcoimeádann an Roinn an fhreagracht as treorú straitéiseach na Scéime ó thaobh an bheartais de. Coinníonn an Roinn cúram maoirseachta freisin i ndáil le seachadadh na Scéime a dhéanann Pobal.

Idir Meán Fómhair na bliana 2015 agus Nollaig na bliana 2016, críochnaíodh beagnach 8,000 suiteáil do rannpháirtithe. D'fhruiligh Pobal sainchomhairleoirí sa bhliain 2016 chun forbairt na Scéime sa todhchaí a mhúnlú. I ndiaidh an phróisis seo, tháinig leagan nua den Scéim i bhfeidhm an 1 Samhain 2017.

4.3 An Roinn Oideachais & Scileanna

An Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna 2014-2019³⁷

Baineann Sprioc 2 sa ‘Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna 2014-2019’, leis an gCuimsiú Gníomhach agus is éard is aidhm léi tacú le cuimsiú gníomhach na ndaoine de gach aois chun páirt a ghlacadh sa bhreisoideachas agus san oiliúint d’fhonn an rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí a chinntiú. Laistigh den Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna níl aon uasteorainn aoise atá bainteach le hintofacht do chlár na Straitéise. Tá spriocanna leagtha síos sa ‘Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025’ chun an rannpháirtíocht a mhéadú. Áirítear le Clár an Rialtais an gealltanas go dtacófar le méadú ar líon na gcúrsaí solúbtha a bheidh ar fáil, agus an deis a thabhairt do dhaoine ar a bheith ag freastal ar chúrsaí ar bhonn páirtaimseartha, um thráthnóna, sa samhradh agus ag na deirí seachtaine.

4.4 An Roinn Sláinte

An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach³⁸

Tá socruithe nua ceaptha le déanaí ag an Roinn Sláinte chun an ‘Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach’ a chur i ngníomh agus chun faireachán a dhéanamh ar an gcur i ngníomh sin. Suitear trí na socruithe nua seo sásraí a chinnteoidh go mbeidh teacht go héifeachtach leanúnach ag na páirtithe leasmhara ar Ranna Rialtais agus ar Ghníomhaireachtaí Stáit a bhaineann le hábhar maidir le daoine scothaosta. Áirítear leis seo Fóram bliantúil do pháirtithe leasmhara chun sainaitheint a dhéanamh ar na príomhthosaíochtaí a mheasann siad a bheith tábhachtach i dtaca le gníomhartha an Rialtais sa bhliain le teacht agus sna chéad trí bliana eile; agus bealaí soiléire cumarsáide a bhunú idir páirtithe leasmhara agus na Ranna Rialtais a bhaineann le hábhar.

³⁷ <https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Further-Education-and-Training-Strategy-2014-2019.pdf>

³⁸ http://health.gov.ie/wp-content/uploads/2014/03/National_Positive_Ageing_Strategy_English.pdf

Mar chuid den phróiseas um chur i ngníomh na Straitéise Náisiúnta um Aosú Dearfach, tá 'Tionscnamh um Aosú Dearfach Sláintiúil' curtha ar bun i gcomhar le Clár na Sláinte agus na Folláine de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le Daonchairdeas Atlantach (Atlantic Philanthropies) chun tionchar na Straitéise a thomhas agus chun córas leanúnach a shuíomh ar mhaithe le tomhas agus tuairisceoireacht ar an Aosú Dearfach. Déantar faireachán tríd an Tionscnamh ar na hathruithe ó thaobh sláinte agus folláine na ndaoine scothaosta a bhaineann le spriocanna agus cuspóirí na 'Straitéise Náisiúnta um Aosú Dearfach'. Is go príomha trí fhorbairt na dtáscairí um Aosú Dearfach, a fhoilseofar gach re bliain, a dhéanfar é seo.

Tá an Tionscnamh ceaptha le fainaise ar na tosca atá ag cur leis an aosú dearfach, agus ar an leibhéal áitiúil san áireamh, a chur ar fáil agus ar deireadh na freagairtí beartais a mhúnlú maidir le haosú an daonra in Éirinn. Foilsíodh an chéad tuarascáil náisiúnta ar na Táscairí um Aosú Dearfach sa bhliain 2016 agus léirítear sa tuarascáil mórán de na gnéithe dearfacha agus diúltacha a bhaineann le dul in aois in Éirinn.

An Straitéis Náisiúnta um Néaltrú³⁹

Bunaíodh Oifig Náisiúnta um Néaltrú i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go luath sa bhliain 2015 chun forfhorfheidhmiú na Straitéise a thiomáint. Tá 'Clár Forfheidhmiúcháin na Straitéise Náisiúnta um Néaltrú', ar fiú €27.5 milliún é agus atá á chómhaoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ag Daonchairdeas Atlantach (Atlantic Philanthropies), ar siúl.

Déanann an Clár seo soláthar do Phacáistí Dianchúraim Bhaile a Bhaineann go Sonrach le Néaltrú, feachtas feasachta poiblí, agus tacaí do Liachleachtóirí Ginearálta agus Buíonta Cúraim Phríomhúil chun an néaltrú a fháthmheas agus a bhainistiú. Tá aghaidh á tabhairt ar ghníomhartha eile sa Straitéis chun feabhas a chur ar thaithí na ndaoine a bhfuil an néaltrú orthu sa chúram sóisialta, sa chúram príomhúil, sna seirbhísí géarchúraim agus sa chúram fadtréimhseach. Tá Clár

³⁹ <http://health.gov.ie/wp-content/uploads/2014/12/30115-National-Dementia-Strategy-Eng.pdf>

Cúig Bliana um Aonad Altranais Phobail do Dhaoine Scothaosta ag leanúint ar aghaidh freisin.

Athbhreithniú ar Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais⁴⁰

Tá Meitheal Oibre Idir-rannach/Idirghníomhaireachta curtha ar bun chun feidhmiú a dhéanamh ar na moltaí san Athbhreithniú ar 'Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais'.

Áirítear iad seo a leanas leis na forbairtí go dtí seo:

- Tá dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh leasuithe riaracháin na Scéime a chur i ngníomh.
- Bunaíodh Coiste Stiúrtha faoi chathaoirleacht an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) agus le hionadaithe ón Roinn Sláinte, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ón CNCC chun maoirseacht a dhéanamh ar an athbhreithniú ar na praghsanna a bhí iníoctha le tithe príobháideacha altranais agus tithe deonacha altranais faoin Scéim. D'fhruiligh an CNCC sainchomhairleoirí seachtracha sa bhliain 2016 chun cuidiú lena athbhreithniú ar an sásra praghsála. Tá an CNCC freagrach as forbairt na tuarascála, cé go bhfuil an Roinn ag leanúint d'oibriú leis an CNCC i dtaobh an athbhreithnithe.
- Ba i Meán Fómhair na bliana 2016 a rinneadh an chéad tuarascáil chuig Coiste Comh-Aireachta ar an tSláinte maidir leis an dul chun cinn ó thaobh na moltaí san Athbhreithniú ar Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais a chur i ngníomh.

Foirne Idirghabhála Pobail (FIP)

Tá na Foirne Idirghabhála Pobail (FIP) dírithe go príomha ar iontráil inseachanta in ospidéal a chosc agus ar éascaíocht a dhéanamh don scaoileadh abhaile luath ó ospidéal trí chúram a chur ar fáil sa phobal. Tá na seirbhísí FIP sa bhreis ar na seirbhísí pobail príomhshrutha atá ann cheana.

Sna blianta 2015 agus 2016, tharla méadú suntasach ar an líon FIP a bhí i

⁴⁰ <http://health.gov.ie/wp-content/uploads/2015/07/Review-of-Nursing-Homes-Support-Scheme.pdf>

bhfeidhm, agus bhí trí fhoireann déag a bhí lánaimseartha agus foireann amháin a bhí páirtaimseartha páirteach sa chlár. Rinneadh 19,675 atreorú ar othair chuig na FIP sa bhliain 2015 agus 27,633 atreorú sa bhliain 2016.

Tá an tseirbhís seo thar a bheith tábhachtach d’othair atá os cionn 65 bliana d’aois, ar cuid mhór iad den ghníomhaíocht iomlán sna FIP. Téann soláthar na seirbhíse seo i bhfeidhm go dearfach ar laghdú an fhreastail ar ospidéal géarchúraim agus ar an bhfad ama a chaitheann na hothair seo in ospidéal géarchúraim. Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag leanúint de bhéim a chur ar na FIP a fhorbairt sna suíomhanna cúraim phríomhúil ar bhonn náisiúnta.



Caibidil 5

Pobail

Sprioc 11: Tithíocht Shóisialta

Córas tacaíochta um thithíocht shóisialta a chruthú atá níos solúbtha agus níos freagrúla agus ina bhfuil raon gníomhartha chun a chinntiú go bhfuil na tacaí tithíochta sóisialta ag freagairt do riachtanais na ndaoine chomh maith le feabhsuithe ina gcuid cúinsí.

An Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil (RTPRÁ)2015

- Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta - tugadh tacaíocht do 5,680 líon tí sa bhreis in 18 gcinn de limistéir na n-údarás áitiúil i ndeireadh na bliana.

2016

- Ba in Iúil na bliana 2016 a foilsíodh 'Atógáil na hÉireann'. Chomh maith le treisiú a dhéanamh ar an gcur chuige reatha i mBaile Átha Cliath atá á threorú ag an tithíocht, tá gealltanais in 'Atógáil na hÉireann' freisin go ndéanfar é a shíneadh do cheantair uirbeacha eile, ag díriú ar dhaoine atá de shíor ag codladh amuigh agus ar líonta tí atá gan dídean le fada.
- Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta - tugadh tacaíocht do 12,075 líon tí sa bhreis in 28 gcinn de limistéir na n-údarás áitiúil i ndeireadh na bliana, lenar áiríodh feidhmiú céimneach brostaithe na scéime go 9 gcinn eile d'údarás áitiúla faoi 'Atógáil na hÉireann'

Sprioc 12: Cúram Sláinte Príomhúil

Seirbhísí cúraim phríomhúil a fhorbairt sa phobal a chuirfidh caoi ar fáil do dhaoine le teacht go díreach ar bhuíonta ildisciplíneacha comhtháite de liachleachtóirí ginearálta, altraí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí gairme agus daoine eile.

An Roinn Sláinte

Leanann na Lárionaid Chúraim Phríomhúil d'éascaíocht a dhéanamh don athrú ón ngéarchúram sláinte go dtí an cúram príomhúil. Cuireann siad saoráidí deisiúla nuaaimseartha ar fáil ina suitear Buíonta Cúraim Phríomhúil, rud a cheadaíonn soláthar ar raon seirbhísí ildisciplíneacha. I ndeireadh na bliana 2016, bhí 99 gcinn de Lárionaid Chúraim Phríomhúil ag feidhmiú agus bhí 37 suíomh ina raibh bonneagar cúraim phríomhúil á thógáil nó ar ardchéim na pleanála. Bhí 47 suíomh eile ar réamhchéimeanna na forbartha.

Spríoc 13: Lánpháirtíocht na nImirceach

Lánpháirtíocht na n-imirceach a chur chun cinn agus cuimsiú sóisialta, comhionannas, éagsúlacht agus rannpháirtíocht na n-imirceach a spreagadh sa saol geilleagrach, sóisialta, polaitiúil agus cultúrtha dá bpobail trí straitéis nua ar mhaithe le lánpháirtíocht na n-imirceach.

An Roinn Dlí & Cirt & Comhionannais2015

Lean an t-athbhreithniú ar chur chuige na hÉireann i dtaca le Lánpháirtíocht na nImirceach ó cheann ceann na bliana 2015. Rinneadh an t-athbhreithniú seo chun a chinntiú go bhfanfadh an beartas go hiomlán i gcomhréir le gealltanais an Rialtais i gClár an Rialtais.

2016

D'aontaigh an Rialtas an 16 Mí na Nollag 2016 go bhfoilseofaí an 'Straitéis um Lánpháirtíocht na nImirceach' arna hullmhú ag an nGrúpa Tras-Rannach ar an Lánpháirtíocht.

Spríoc 14: Fuinneamh Inacmhainne

Sainaithint a dhéanamh ar mhodheolaíocht chúil um bochtaineacht (tearcrochtain) fuinnimh agus ar na huirlisí sonraí is gá chun an bhochtaineacht fuinnimh a mheas agus a rianú. Athchóiriú a dhéanamh ar na cláir éifeachtúlachta atá ann cheana, nó forbairt a dhéanamh ar chlár nua mar an tslí is fearr le tabhairt faoin mbochtaineacht fuinnimh go fadtréimhseach, mar chuid de straitéis náisiúnta nua um fhuinneamh inacmhainne.

An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil2015

D'oibrigh an Roinn ar fhorbairt a dhéanamh ar straitéis chomharbachta ar 'Tithe Níos Teo: Straitéis um Fhuinneamh Inacmhainne in Éirinn'.

2016

Seoladh an 'Straitéis chun an Bhochtaineacht Fuinnimh a Chomhrac 2016-2019'. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo feabhas a chur ar an mbonn fianaise le tairbhí líonmhara na héifeachtúlachta fuinnimh, chomh maith le tomhas cruinn a chur ar fáil faoi líon na ndaoine in Éirinn atá ag maireachtáil faoi chuing na bochtaineachta fuinnimh, nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh.

5.1 An Roinn Sláinte

Cúram Sláinte Príomhúil

Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016 maidir leis an atheagrú a léiríodh sa ‘Tuarascáil ar Eagraíochtaí um Chúram Sláinte Pobail’⁴¹. Rinneadh na seirbhísí cúraim phríomhúil a eagrú agus a bhainistiú thar 9 gcinn d’Eagraíochtaí um Chúram Sláinte Pobail agus sholáthair 484 cinn de Bhuíonta Cúraim Phríomhúil na seirbhísí sin. Rinneadh léarscáilíocht náisiúnta ar 96 cinn de Líonraí Cúraim Phríomhúil, a sholáthraíonn raon seirbhísí sa bhreis orthu siúd ó na Buíonta Cúraim Phríomhúil.

I ndeireadh na bliana 2016 bhí an scéal mar seo a leanas:

- 99 Lárionad Cúraim Phríomhúil ag feidhmiú.
- 37 suíomh ina raibh bonneagar cúraim phríomhúil á thógáil nó ar ardchéim na pleanála.
- 47 suíomh eile ar réamhchéimeanna na forbartha.
- 96 Líonra Cúraim Phríomhúil ag tacú leis na Buíonta Cúraim Phríomhúil.

Cuireadh cistiú €4m ar fáil sa bhliain 2016 chun 83 bhall foirne lánaimseartha nua a earcú i dtaca le Seirbhísí Teiripe Urlabhra agus Teanga chun díriú go sonrach ar na liostaí feithimh teiripe urlabhra agus teanga maidir le Cúram Príomhúil agus Cúram Sóisialta do leanaí suas le 18 mbliana déag d’aois. I ndeireadh na bliana 2016, bhí an earcaíocht tosaithe ar 53 bhall foirne agus bhí an earcaíocht ar an 30 eile ar siúl.

Lamháladh €5m eile i dtaca le tacaí comhairleoireachta agus síceolaíochta sa Chúram Príomhúil do leanaí faoi bhun 18 mbliana d’aois. Thacódh sé seo le hearcaíocht ar 20 síceolaí lánaimseartha agus 114 shíceolaí cúnata ar bhonn píolótach dhá bhliain thar na seirbhísí síceolaíochta um chúram príomhúil. Bhí earcaíocht na bpost lánaimseartha tosaithe faoi dheireadh na bliana 2016. Is iad

⁴¹ <https://www.hse.ie/eng/services/publications/corporate/choreport.html>

na bainisteoirí áitiúla de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus iad ag feidhmiú laistigh den leithdháileadh cistiúcháin a chuirtear ar fáil dóibh, a dhéanann cinntí maidir leis an gcumhdach i leith na n-asláithreachtaí.

Tá sé mar aidhm ag Timthriall Cúraim an Diaibéitis, lenar cuireadh tús an 1 Deireadh Fómhair 2015, feabhas a chur ar na torthaí cliniciúla d'othair agus laghdú a chur ar na haimhréidheanna a thaithítear go minic leis an riocht sláinte seo. Áirítear leis an timthriall cúraim dhá sheisiún sceidealaithe comhairliúcháin um athbhreithniú gach bliain a chuimsíonn athbhreithniú bliantúil agus cuairt leantach. I ndeireadh na bliana 2016, bhí thart ar 85,000 othar cláraithe ag a Liachleachtóirí Ginearálta i gcomhair an timthrialla chúraim.

Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

Rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte feidhmiú céimneach sa bhliain 2015 ar thionscnamh pólótach chun caoi a chur ar fáil do Liachleachtóirí Ginearálta le teacht go díreach ar an ultrafhuaim i ndeich gcinn de láithreacha cúraim phríomhúil thar ceithre cinn d'Eagraíochtaí um Chúram Sláinte Pobail sa Deisceart agus san Iarthar. Ba é ráta na n-atreoruithe ar aghaidh chuig ospidéal i gcomhair imscrúduithe raideolaíochta/leighis ná thart ar 15-20%, a thaispeánann an rath a bhí ar an tionscnamh. Léiríonn sé an éifeachtúlacht a bhaineann le teacht go díreach a bheith ag Liachleachtóirí Ginearálta ar an ultrafhuaim agus maolaíonn sé a thuilleadh an brú ar na seirbhísí ospidéil chomh maith leis na liostaí feithimh a laghdú.

Thosaigh an tionscnamh sa Cheathrú Ráithe den bhliain 2015 agus bhí ocht gcinn de na deich láthair cúraim phríomhúil ag cur na seirbhíse ar fáil i ndeireadh na bliana sin. Bhí 869 atreorú i ndeireadh na bliana 2015 agus bhí breis agus 13,700 atreorú i ndeireadh na bliana 2016. Bhí Lárionad Cúraim Phríomhúil a raibh saoráidí x-gha ar an láthair aige suite san Inbhear Mór, i mBaile Átha Luain agus i mBaile Mhistéala i ndeireadh na bliana 2016. Leanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de chíoradh a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fhairsingiú na seirbhísí fáthmheasacha sa Chúram Príomhúil.

Éire Shláintúil

Coimisiúnaíodh Suirbhé bliantúil um Éire Shláintúil⁴² chun feabhas a chur ar an gcumas bailiúcháin sonraí agus ar an gcumas faireacháin d'fhonn an dul chun cinn a rianú ó thaobh na spriocanna a bhaint amach, ar mhaithe le meastóireacht a dhéanamh ar an rath a bhí ar an gCreat um Éire Shláintúil. Is é Ipsos MRBI a dhéanann an Suirbhé thar ceann na Roinne, agus baineann agallaimh 'duine le duine' san áit chónaithe leis mar aon le sampla de thart ar 7,400 duine atá ionadaíoch do dhaonra na hÉireann atá 15 bliana d'aois nó níos mó ná sin.

Foilsíodh torthaí na suirbhéanna sna blianta 2015 agus 2016. Tugann an Suirbhé pictiúr reatha shláinte na tíre chomh maith le tacar sonraí bonnlíne, a bhíonn stóinsithe agus inchreidte, maidir le raon iompraíochtaí sláinte.

An Straitéis Náisiúnta Drugaí 2009-2016

Tá tuarascálacha ar dhul chun cinn⁴³ faoin 'Straitéis Náisiúnta Drugaí', amhail mar a bhí i ndeireadh na bliana 2015 agus i ndeireadh na bliana 2016, ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Sláinte. I bhfianaise na forbartha ar straitéis nua i leith na tréimhse i ndiaidh na bliana 2016, rinne painéal idirnáisiúnta saineolaithe atbhreithniú mear ar an 'Straitéis Náisiúnta Drugaí 2009-2016'.

Seirbhísí Liachleachtóirí Ginearálta Iasmuigh de ghnáthuaireanta an chloig

Tá teacht ag nócha faoin gcéad den daonra ar sheirbhísí Liachleachtóra Ginearálta Iasmuigh de ghnáthuaireanta an chloig i 14 lárionad ar fud na tíre, i ngach réigiún d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, i gcuid de gach contae ar a laghad. Fuair na seirbhísí seo thart ar 981,000 teagmháil sa bhliain 2015 agus 1,090,000 teagmháil sa bhliain 2016. Cuireann os cionn 2,000 Liachleachtóir Ginearálta seirbhísí ar fáil sna comharchumainn. I ndiaidh na tríaiseála tosaigh ar an nguthán, is féidir go ndéanfar freastal ar lárionad cóireála agus féachann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an gcur chuige seo mar dhea-bheart ionadach chun freastal ar Roinn Éigeandála Ospidéal a sheachaint.

⁴² <https://www.hse.ie/eng/about/who/healthwellbeing/healthy-ireland/surveys/>

⁴³ <http://health.gov.ie/wp-content/uploads/2016/04/NDS-2015-Performance-Report.pdf>

Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cistiú de thart ar €43 mhilliún ar fáil sa bhliain 2015 i leith táillí na Liachleachtóirí Ginearálta lasmuigh de ghnáthuaireanta an chloig (comhairliúcháin de chineál ar leith agus táillí forlíontacha lasmuigh de ghnáthuaireanta an chloig). Ba ionann é seo sa bhliain 2016 agus thart ar €44 mhilliún. Ní áirítear leis an suimeanna seo costais na Liachleachtóirí Ginearálta lasmuigh de ghnáthuaireanta an chloig i leith na lárionad glaonna, tiománaithe, seirbhísí triáiseála altraí, srl.

Cúram Liachleachtóirí Ginearálta Saor In Aisce

Ba sa bhliain 2015 a cromadh ar Chúram Liachleachtóirí Ginearálta a sholáthar saor in aisce do leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois. Tá cead ag gach leanbh atá cláraithe faoin Scéim freastal ar Liachleachtóir Ginearálta rannpháirteach saor in aisce.

Tá an Rialtas tiomanta d'fhorbairt leanúnach chumas na Liachleachtóirí Ginearálta chun féachaint chuige go leanfaidh na hothair ar fud na tíre de theacht ar sheirbhísí Liachleachtóirí Ginearálta agus go mbeidh an liachleachtas ginearálta inbhuanaithe i ngach ceantar sa todhcháí. Le blianta beaga anuas, tá roinnt mhaith iarrachtaí déanta chun líon na Liachleachtóirí Ginearálta cleachtacha a mhéadú. Áirítear leis na hiarrachtaí seo athruithe ar na forálacha iontrála i scéim na Seirbhíse Ginearálta Leighis chun freastal ar chonarthaí Seirbhíse Ginearálta Leighis/ Liachleachtóirí Ginearálta a bhíonn níos solúbtha/comhroinnte, agus athruithe ar na forálacha scoir do Liachleachtóirí Ginearálta faoi scéim na Seirbhíse Ginearálta Leighis, ag ceadú do Liachleachtóirí Ginearálta conarthaí Seirbhíse Ginearálta Leighis a shealbhú go dtí go sroichfidh siad 72 bhliain d'aois, chomh maith le tacaí feabhsaithe a thabhairt isteach do chleachtaí Liachleachtóirí Ginearálta faoin tuath.

Ar deighilt ón méid seo, tá an Stát ag féachaint lena thuilleadh Liachleachtóirí Ginearálta a oiliúint chun seirbhísí Liachleachtóirí Ginearálta a chur ar fáil don daonra. Bhí 120 áit oiliúna do Liachleachtóirí Ginearálta sa bhliain 2009 agus bhí 172 áit oiliúna do Liachleachtóirí Ginearálta a líonadh sa bhliain 2016. Tá an Rialtas tiomanta do mhéadú breise a chur ar an méid seo.

Féach an Chaibidil ar Leanáí chun a thuilleadh eolais a fháil.

An Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí

Oibríonn an Roinn Sláinte in éineacht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun na gníomhartha a bhaineann le sláinte sa ‘Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí’ a chur i ngníomh. Tá dul chun cinn tuairiscithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le roinnt áirithe réimsí, agus iad seo a leanas san áireamh:

- Grúpa ilrannánach na Straitéise Náisiúnta do Chúramóirí a bhunú i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun forfheidhmiú na Straitéise a chur ar aghaidh
- Grúpa Stiúrtha a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar na bearnaí i soláthar na seirbhíse faoisimh agus breithniú a dhéanamh ar thascairí feidhmíochta a fhorbairt i gcomhair na seirbhísí faoisimh
- Treoir a fhoilsiú ar an bpleanáil ó thaobh duine a scaoileadh amach as ospidéal géarchúraim
- Leathanach do chúramóirí a fhorbairt ar láithreán gréasáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Forbairt a dhéanamh ar phróisis um Úsáideoir Seirbhíse, Ball den Teaghlach agus Rannpháirtíocht Chúramóra i Réimse na Meabhairshláinte
- Forbairt a dhéanamh i gcomhar le cuibhreannas InterRAI ar uilis um measúnú ar riachtanais do chúramóirí, agus soláthar leanúnach na seirbhísí faoisimh laistigh den bhuiséad atá ar fáil.

Bhuail an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le hionadaithe na gcúramóirí i rith na mblianta 2015 agus 2016 chun plé a dhéanamh ar an ‘Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí’ a chur i ngníomh.

Tá tuarascálacha foilsithe ag an Roinn ar dhul chun cinn na ‘Straitéise Náisiúnta do Chúramóirí’ i leith na tréimhse ó Mheán Fómhair 2014 go Meán Fómhair 2015 (an tríú tuarascáil) agus i leith na tréimhse ó Mheán Fómhair 2015 go Mí na Nollag 2016 (an ceathrú tuarascáil).

Sna blianta 2015 agus 2016, d’fhreastail ionadaithe ón Roinn Sláinte agus ó

Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar Fhóram bliantúil na gCúramóirí, arna thionól ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, agus rinne siad cathaoirleacht ar an bhfo-ghrúpa téamach faoin tSláinte i ngach ceann de na seisiúin seo, áit ar phléigh cúramóirí agus a n-ionadaithe na saincheisteanna sláinte ar mhó an tábhacht dóibh iad.

5.2 An Roinn Dí & Cirt & Comhionannais

Lánpháirtíocht na nImirceach

Lean an t-athbhreithniú ar chur chuige na hÉireann i dtaca le lánpháirtíocht na nImirceach ó cheann ceann na tréimhse 2015/2016. Rinneadh an t-athbhreithniú seo chun a chinntiú go bhfanadh an beartas go hiomlán i gcomhréir le gealltanais an Rialtais i gClár an Rialtais. D'aontaigh an Rialtas i Nollaig na bliana 2016, go bhfoilseofaí an 'Straitéis um Lánpháirtíocht na nImirceach'. Táthar ag dréim sa Straitéis le cur chuige ar bhonn an Rialtais ar fad a mbainfidh gníomhartha na Rann ar fad leis.

Leanann an Oifig chun Lánpháirtíocht na nImirceach a Chur Chun Cinn de ghealltanais an Rialtais a chur i ngníomh i ndáil le lánpháirtíocht na n-imirceach, i bpáirt trí chúnamh airgid do thionscadail chun lánpháirtíocht na n-imirceach a chur chun cinn agus an ciníochas a chomhrac. Sa tréimhse 2015-2016, cuireadh cistiú de thart ar €2.35m ar fáil d'eagraíochtaí (go formhór údaráis áitiúla agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha) chun an lánpháirtíocht agus an cuimsiú a chur chun cinn.

Ba iad Cistí/Cláir eile ná:

- 2015/2016: Lig Éire 532 duine isteach mar Dhídeanaithe Cláir faoina clár athlonnaíochta.
- 2015/2016: Tháinig 240 duine go hÉirinn ón nGréig faoi Chlár Athshocrúcháin an Aontais Eorpaigh agus bhíothas i mbun iad a athlonnú ina bpobail nua.
- 2015: Lean an obair ar aghaidh ó thaobh riarachán a dhéanamh ar an gCiste Eorpach um Lánpháirtíocht agus ar an gCiste Eorpach do Dhídeanaithe – ar

tháinig Ciste an AE um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014-2020 in ionad an dá cheann acu idir an dá linn.

- 2016: Iarradh iarratais ar mhaoiniú faoi Chiste an AE um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014-2020 agus faoi Chlár Chiste Sóisialta na hEorpa um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020.
- Tugtar a thuilleadh tacaíochta don lánpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil trí thionscadail athlonnaíochta na n-údarás áitiúil do dhídeanaithe a mhaoinítear trí dheontais ó Chlár na hÉireann um Chosaint Dhídeanaithe, rud lena dtacaítear as Ciste an AE um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht.

An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2021

Ullmhaíodh an ‘Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais’⁴⁴ de bhun an phróisis chuimsithigh chomhairliúcháin a thosaigh sa bhliain 2016. Ba é ba chuspóir leis an bpróiseas seo ná gníomhartha agus amscálaí sonracha a shainiú agus a chomhaontú agus go ndéanfaí iad a chur i bhfeidhm faoi na hocht dtéama seo a leanas:

- Comhionannas agus Rogha
- Beartais agus seirbhísí poiblí i gcomhar
- Oideachas
- Fostaíocht
- Sláinte agus Folláine
- Seirbhísí míchumais atá dírithe ar an duine
- Maireachtáil sa Phobal; agus
- Iompar agus teacht ar áiteanna

Is é Grúpa Stiúrtha, ar a bhfuil ionadaithe ó na Ranna, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara míchumais atá ábhartha a dhéanfaidh maoirseacht ar fhorfheidhmiú na Straitéise. Is é an tAire Stáit a dhéanann cathaoirleacht ar an nGrúpa. Foilseoidh ‘Grúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta Míchumais’ tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn a dhéanfar i ngach bliain den Straitéis.

⁴⁴ <http://www.justice.ie/en/JELR/dept-justice-ndi-inclusion-strategy-booklet.pdf/Files/dept-justice-ndi-inclusion-strategy-booklet.pdf>

An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Luchta Shiúil agus na Romach

Tá forbairt ar Straitéis Náisiúnta nua um Chuimsiú an Luchta Shiúil agus na Romach ar siúl. Áirítear leis an Straitéis um Chuimsiú comhairliúchán cuimsitheach poiblí leis an Lucht Siúil, na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha agus páirtithe leasmhara eile mar chuid de phróiseas trí chéim.

- Céim 1 - eochairthéamaí i gcomhair na Straitéise nua a shainaitheint. (críochnaithe)
- Céim 2 - cuspóirí ardleibhéil faoi gach téama comhaontaithe a shainaitheint agus a chomhaontú. (críochnaithe)
- Céim 3 - gníomhartha mionsonraithe a shainaitheint chun gach cuspóir comhaontaithe a bhaint amach, maille le hamscálaí, eochairtháscairí feidhmíochta, freagrachtaí institiúideacha agus socruithe faireacháin a ghabhann leo. (tosaithe i mBealtaine na bliana 2016)

Is é Grúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú an Luchta Shiúil agus na Romach a dhéanfaidh breithniú ar an dréachtstraitéis, sula gcuirfear í faoi bhráid an Rialtais chun go ndéanfar í a mheas. Forálfaidh an próiseas seo do shraith d'fhíorghníomhartha is gá chun fíorfheabhsú a chruthú i gcaighdeán na beatha don Lucht Siúil agus do na Romaigh. Beidh forbairt agus forfheidhmiú ar raon gníomhartha leathana beartais ag baint leis an Straitéis chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna roimh an Lucht Siúil agus pobal na Romach. Glacfaidh an Straitéis cur chuige ar bhonn an Rialtais ar fad ó thaobh dul i ngleic leis na saincheisteanna roimh an Lucht Siúil go háirithe, lena n-áireofar tionscnamh marthanach chun bruíon agus iompraíocht fhrithshóisialta a chomhrac.

Áirítear leis na réimsí faoi chumhdach na Straitéise um Chuimsiú fostaíocht, cóiríocht, sláinte, oideachas, idirdhealú, leanaí agus ógra, comhionannas inscne agus féiniúlacht chultúrtha.

Chinn an Rialtas go ndéanfaí breithniú i gcomhthéacs na Straitéise nua maidir le haitheantas a thabhairt don Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith.

5.3 An Roinn Cumaráide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil

An Straitéis um Fhuinneamh Inacmhainne

Rinneadh athbhreithniú ar an ‘Straitéis um Fhuinneamh Inacmhainne’ sa bhliain 2015. Tharla comhairliúchán poiblí⁴⁵ agus ceardlann phoiblí.

Ba i bhFeabhra na bliana 2016 a foilsíodh an ‘Straitéis chun an Bhochtaineacht Fuinnimh a Chomhrac 2016-2019’⁴⁶. Cuireann an straitéis leis an dul chun cinn agus an taithí sna ceithre bliana roimhe sin ó foilsíodh an chéad straitéis de chuid an Rialtais ar an bhFuinneamh Inacmhainne. Fairsingíonn sé réim na scéimeanna reatha i dtaca leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus cuimsíonn sé tiomantas an Rialtais d’fhorbairt agus píolótú a dhéanamh ar bhearta nua chun slite nua a aimsiú le hiarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh a dhíriú orthu siúd is mó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh. Ina theannta sin, cruthaíonn sé na struchtúir agus an chuntasacht chun a chinntiú go ndéanfar aghaidh ar an dúshlán go héifeachtach ar gach leibhéal den Rialtas agus den tseirbhís phoiblí. In éineacht leis an straitéis tá measúnacht ar leibhéal na bochtaineachta fuinnimh in Éirinn tríd an mhodheolaíocht oibiachtúil a úsáid.

Cuirfidh an dul chun cinn ar na gníomhartha sa straitéis seo feabhas ar an mbonn fianaise le tairbhí líonmhara na héifeachtúlachta fuinnimh, chomh maith le tomhas cruinn a chur ar fáil faoi líon na ndaoine in Éirinn atá ag maireachtáil faoi chuing na bochtaineachta fuinnimh, nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh.

An Scéim Teasa agus Folláine

⁴⁵ [https://www.dcae.gov.ie/en-ie/energy/consultations/Pages/Towards a new Affordable Energy Strategy for Ireland.aspx](https://www.dcae.gov.ie/en-ie/energy/consultations/Pages/Towards%20a%20new%20Affordable%20Energy%20Strategy%20for%20Ireland.aspx)

⁴⁶ [https://www.dcae.gov.ie/en-ie/energy/publications/Documents/5/A Strategy to Combat Energy Poverty - Web Version.pdf](https://www.dcae.gov.ie/en-ie/energy/publications/Documents/5/A%20Strategy%20to%20Combat%20Energy%20Poverty%20-%20Web%20Version.pdf)

Tá an cistiú caipitil is gá i gcomhair an chláir seo curtha ar fáil agus tá an ‘Scéim Teasa agus Folláine’, ar Scéim Phíolótach í, ag oibriú i gceantair na hEagraíochta um Chúram Sláinte Pobail ó bhí lár na bliana 2016 ann. Tá sé mar aidhm ag an scéim na tionchair sláinte a thomhas ó thaobh feabhas suntasach a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na háite cónaithe atá ag duine agus é nó í ag maireachtáil faoi riocht ainsealach riospráide. Tá anailís neamhspleách á déanamh ar thorthaí sláinte na rannpháirtithe, agus ar a dtorthaí um chuimsiú sóisialta, in éineacht le seachadadh na scéime.

An Scéim “Tithe Níos Teo”

Is éard atá sa Scéim “Tithe Níos Teo” ná an phríomhscéim éifeachtúlachta fuinnimh de chuid an Rialtais do dhaoine atá faoi chuing na bochtaineachta fuinnimh, nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh. Tugann an scéim uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh saor in aisce do líonta tí intofa.

Fairsingíodh an intofacht faoin scéim “Tithe Níos Teo” agus faoin Scéim Teasa agus Folláine sa bhliain 2016 chun iad siúd a bhí ag fáil na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora a chur san áireamh.

An Plean Leathanbhanda Náisiúnta

Rinneadh mórán dul chun cinn faoin ‘bPlean Leathanbhanda Náisiúnta’ i rith na tréimhse 2015/2016. Tharla comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara sa bhliain 2015. Seoladh Próiseas an tSoláthair go foirmiúil i Nollaig na bliana 2015 agus d’fhógair an tAire i nDeireadh Fómhair na bliana 2016 go raibh sé tugtha le fios go foirmiúil ag triúr tairgeoirí i bpróiseas an tsoláthair gurbh éard a bhí á mholadh acu go príomha mar réiteach leathanbhanda faoin tuath in Éirinn ná snáithín go dtí an baile cónaithe.

Thairis sin sa bhliain 2015, foilsíodh Léarscáil Leathanbhanda Ardluais 2020, agus rinneadh é seo i ndiaidh na hoibre leanúnaí leis an tionscal agus i ndiaidh an chomhairliúcháin phoiblí.

Bunaíodh Tascfhórsa Leathanbhanda agus Fón Póca sa bhliain 2016, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna práinneacha maidir leis an gclúdach

leathanbhanda agus fón póca. Bunaíodh Aonad um Theileachumarsáid Réigiúnach, sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, chun oibriú leis na húdaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara d'fhonn cuidiú ó thaobh úsáid tráchtála na líonraí teileachumarsáide agus d'fhonn bacainní féideartha ar bith a mhaolú i dtaca le soláthar céimneach an Phlean Leathanbhanda Náisiúnta. Lean an Roinn de theagmháil go dlúth leis an tionscal agus le ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha eile chun cuidiú ó thaobh úsáid tráchtála na líonraí teileachumarsáide. Chuir an Roinn cómhaoiniú i dteannta na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail ar fáil do gach údarás áitiúil chun oifigeach leathanbhanda a cheapadh.

Ó foilsíodh an 'Plean Leathanbhanda Náisiúnta' sa bhliain 2012, tá €2.5bn infheistithe in uasghrádú agus nuachóiriú na líonraí a thacaíonn le soláthar an leathanbhanda ardluais agus soláthar na seirbhísí teileachumarsáide soghluaiste. Ba chóir go gcabhródh na hinfheistíochtaí seo ó thaobh feabhas suntasach a chur ar an gclúdach agus ar an gcaighdeán a bhaineann le seirbhísí leathanbhanda, seirbhísí gutha soghluaiste agus seirbhísí sonraí soghluaiste ar fud na tíre.

Bhí teacht ag líon faoi bhun 700 míle áitreabh ar an leathanbhanda ardluais sa bhliain 2012. Bhí os cionn 1.4 milliún áitreabh nó 61% den iomlán in ann teacht ar an leathanbhanda ardluais a bhí á sholáthar ag oibrítheoirí tráchtála sa bhliain 2016. Faoi dheireadh na bliana 2020, táthar ag súil leis go mbeidh teacht ag naoi gcinn as gach deich n-áitreabh ar an leathanbhanda ardluais.

5.4 An Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil

Atógáil na hÉireann: plean gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine

Ba in Iúil na bliana 2016 a foilsíodh 'Atógáil na hÉireann'. Faoin bplean gníomhaíochta seo, déanfar an cur chuige reatha i mBaile Átha Cliath atá á threorú ag an tithíocht a threisiú agus a shíneadh go ceantair uirbeacha eile, ag díriú ar dhaoine atá de shíor ag codladh amuigh agus ar líonta tí atá gan dídean le

fada. Bhí an Fheidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine i Réigiún Bhaile Átha Cliath tiomanta don sprioc i dtaca le tionóntachtaí a mhéadú faoi thrí sa chlár ‘an tithíocht sa chéad áit’ dá cuid ó 100 go 300. Cuireadh cistiú breise ar fáil sa bhliain 2016 i dtaca leis an gcoimisiúnú ar na Dian-Chásbhainisteoirí breise mar chuid de bhuíon foirne agus seirbhíse na heagraíochta ‘An Tithíocht Sa Chéad Áit’ i mBaile Átha Cliath.

Chomh maith le treisiú a dhéanamh ar an gcur chuige reatha i mBaile Átha Cliath atá á threorú ag an tithíocht, tá Atógáil na hÉireann tiomanta don chur chuige sin a shíneadh go ceantair uirbeacha eile, ag díriú ar dhaoine atá de shíor ag codladh amuigh agus ar líonta tí atá gan dídean le fada.

Féach an Chaibidil ar Dhaoine Scothaosta chun a thuilleadh eolais a fháil.

An Ciste Gníomhaireachta Tithíochta

Faoi ‘Atógáil na hÉireann’, tá Ciste Éadálacha €70m, ar ciste imrothlach é, bunaithe agus ís é is cuspóir leis ná seilbh a ghlacadh ar 1,600 aonad sa tréimshé go 2020 chun críche tithíochta sóisialta. Tá an Gníomhaireacht Tithíochta ag plé go gníomhach faoi láthair le bainc agus le cuideachtaí infheistíochta i ndáil lena clár éadálacha. Cuireadh cistiú ar fáil don Gníomhaireacht chun seilbh a ghlacadh ar thithíocht sa bhliain 2016 agus tharraing an Gníomhaireacht €6,741,000 anuas ón Roinn sa Cheathrú Ráithe den bhliain 2016.

Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta

Lean an Roinn d’fheidhmiú céimneach Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta ar bhonn píolótach céimnithe reachtúil:

- 2015 – tugadh tacaíocht do 5,680 líon tí sa bhreis in 18 gcinn de limistéir na n-údarás áitiúil i ndeireadh na bliana
- 2016 – tugadh tacaíocht do 12,075 líon tí sa bhreis in 28 gcinn de limistéir na n-údarás áitiúil i ndeireadh na bliana, lenar áiríodh feidhmiú céimneach brostaithe na scéime go 9 gcinn eile d’údaráis áitiúla faoi ‘Atógáil na hÉireann’

Lean na húdaráis áitiúla, le cúnaimh ó fhoireann áitiúil na Roinne Gnóthaí

Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, d'fhaighteoirí fadtréimhseacha an Fhorlíonta Chíosa a shainaithe agus a aistriú chuig Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta.

Clár chun áiteanna cónaithe sóisialta a uasghrádú

Tá clár córasach chun áiteanna cónaithe sóisialta a uasghrádú, agus é dírithe go háirithe ar an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus ar an mbochtaineacht bhreosla a chomhrac, ar siúl ón mbliain 2013 maille le hinfheistíocht €107m a rinneadh go deireadh na bliana 2016. Ag tosú leis na háiteanna cónaithe is neamhéifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de, tá feabhas curtha ar an éifeachtúlacht fuinnimh in 58,000 áit chónaithe shóisialta.

Tá an clár seo ag leanúint ar aghaidh anois leis an gcéad chéim eile, lena n-áirítear, más gá, athsholáthar na bhfuinneog agus na ndoirse chomh maith le hinsliú na n-áiteanna cónaithe sóisialta. I dteannta an chláir éifeachtúlachta fuinnimh, rinneadh insliú agus athfheistiú ar thuairim agus 7,200 áit chónaithe shóisialta a d'éirigh folamh sula ndearnadh iad a athligean ar cíós. Tá an obair seo ar siúl ón mbliain 2014 agus tá infheistíocht iomlán €85m déanta go deireadh na bliana 2016.

Tá infheistíocht leantach déanta ag an Rialtas sa chlár athnuachana, agus é ag díriú ar cheantair ina bhfuil dlús mór de thithíocht shóisialta agus ag ar féidir na cineálacha is measa den eisiáimh sóisialta, den dífhostaíocht agus den iompraíocht frithshóisialta a bheith mar chomharthaí sóirt.

Ba é an caiteachas ar an athbheochan sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016 ná €50m agus €59.9m, faoi seach, go príomha ar thionscadail i mBaile Átha Cliath, i Luimneach, i gCathair Chorcaí, i nDún Dealgan, i Sligeach agus i dTrá Lí.

Scéim Chúnaimh Chaipitil

Soláthraíodh 382 (2015) agus 319 (2016) d'aonaid tithíochta sa bhreis faoin Scéim Chúnaimh Chaipitil, ina gcuirtear cistiú ar fáil do chomhlachtaí faofa tithíochta chun tithíocht a chur ar fáil do dhaoine aosta, do dhaoine gan dídean agus do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas ag

bogadh amach as láithreacha comhchónaithe agus isteach in áiteanna maireachtála pobalbhunaithe.

Leantar de chistiú a chur ar fáil faoin Scéim Chúnamh Chaipitil chun cóiríocht a chur ar fáil do gach ceann de na catagóirí seo.

An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil

Ba é buiséad caipitil na Roinne sa bhliain 2015 i dtaca leis an gCóiríocht don Lucht Siúil go sonrach ná €4.3m, agus tarraingíodh €4.1m den tsuim seo anuas. Mhéadaigh an ciste seo faoi bheagnach 22% go €5.5m i leithdháileadh na bliana 2016 agus tharraing na hÚdaráis Áitiúla €4.3m anuas. Sa bhliain 2015, bhain na hÚdaráis Áitiúla soláthar 94% dá gcuid spriocanna ó thaobh na Cóiríochta don Lucht Siúil i leith na bliana. Mhéadaigh an soláthar sa bhliain 2016 agus sáraíodh spriocanna na nÚdarás Áitiúil faoi 5%, rud a cheadaigh soláthar na cóiríochta do 500 teaghlach i bhfianaise na sprice 475. Leath bealaigh sa cheathrú Clár Cóiríochta don Lucht Siúil, tá 58% den sprioc iomlán i leith an chláir bainte amach. Is scáil e seo ar an méadú ar an gcistiú sa bhliain 2014 a lean ar aghaidh isteach sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016.

Choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta sa bhliain 2016 athbhreithniú neamhspleách saineolaíoch ar chistiú caipitil/reatha i gcomhair na cóiríochta don Lucht Siúil go sonrach go dtí seo, ag féachaint do na spriocanna i gClár Chóiríochta don Lucht Siúil de chuid na nÚdarás Áitiúil agus do na haonaid a soláthraíodh dáiríre, ag féachaint do stádas reatha na cóiríochta a maoiníodh, agus ag féachaint don chistiú a cuireadh ar fáil i dtaca le cothabháil na cóiríochta agus tacaí eile. Ba é ba chuspóir leis an athbhreithniú arna coimisiúnú ag an nGníomhaireacht Tithíochta ná eolas fíriciúil, anailís agus sainaitheint a chur ar fáil ar dhúshlán faoi leith, mar eochairardán chun tabhairt faoi iniúchadh sa bhliain 2017 ar an gcur i ngníomh agus ar an seachadadh de na Clár Chóiríochta don Lucht Siúil, agus béim á cur ar sholáthar cuí na cóiríochta.

5.5 An Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail

An Clár Infheistíochta Caipitil do na Leabharlanna 2016-2021

Seoladh clár nua in Eanáir na bliana 2016, an Clár Infheistíochta Caipitil do na Leabharlanna i leith na mblianta 2016-2021⁴⁷. Infheisteofar €23m i 17 gcinn de thionscadail chaipitil thar shaolré an chláir, lena n-áireofar feidhmiú céimneach den áis ‘Mo Leabharlann Oscailte’, rud trína soláthrófar 20 treoirshuíomh eile ina dtairgfear uaireanta sínte oscailte (8 r.n.-10 i.n., 7 lá in aghaidh na seachtaine) ar bhonn féinseirbhíse i rith na n-uaireanta gan foireann.

Tugadh isteach Ballraíocht Leabharlainne Saor In Aisce in Eanáir na bliana 2016, agus tugann sí seo ionchuimsitheacht agus deis rochtana i dtaca le 15 mhiliún mír sna 333 leabharlann agus mórán acmhainní ar líne i dtaca le caitheamh aimsire agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

Soláthróidh an Córas Singil Bainistíochta Leabharlainne ardán chun teacht saor in aisce ar chroísheirbhísí leabharlainne, cárta singil ballraíochta leabharlainne, ballraíocht uilíoch agus leabharlann dhigiteach náisiúnta. Leanadh den Chóras Singil Leabharlainne a fheidhmiú ar bhonn céimnithe sa bhliain 2016. Bhí an feidhmiú céimneach deireanach le tarlú sa bhliain 2017. Déanfar é a chomhlánú trí fheidhmiú príomhshrutha na Seirbhíse Náisiúnta Dáileacháin ar leanadh dá cur i ngníomh ar bhonn píolótach sa bhliain 2016.

Aontaíodh a mhalairt de chur chuige, Samhail Chomhoibríoch Réigiúnach, i ndeireadh na bliana 2016. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige seo leabharlanna poiblí a bhunú atá níos láidre, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus atá ag soláthar seirbhísí leabharlainne níos fearr do phobail áitiúla agus do shaoránaigh.

Rinneadh an Clár Náisiúnta Litearthachta, An Ceart Chun Léimh, a phíolótú i 26 leabharlann go náisiúnta. Bhí sé le cur i bhfeidhm i lár na bliana 2017.

⁴⁷ <http://www.lgcsb.ie/en/news/new-library-capital-investment-programme-2016-2021>

An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus um Ghníomhachtú Pobail (CCSGP)

Seoladh an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus um Ghníomhachtú Pobail (CCSGP), an clár comharbachta ar an gClár Forbartha Áitiúla agus Pobail, a seoladh sa bhliain 2015. Tá sé mar aidhm ag CCSGP an bhochtaineacht a laghdú, an cuimsiú sóisialta agus an comhionannas a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus trí chomhar ar bhonn áitiúil, ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn náisiúnta. Tá an Clár á bhainistiú ar bhonn áitiúil ag 33 Choiste Forbartha Áitiúla Pobail le tacaíocht ó Údaráis Áitiúla. Is iad na Clárfheidhmeoirí a dhéanann seachadadh ar na Clárghníomhartha thar 51 cheantar Lota.

Ba iad spriocghrúpaí CCSGP 2015-2017 ná:

- Leanaí agus Teaghlach ó Cheantair faoi Mhíbhuntáiste
- Tuismitheoirí Aonair
- Pobail Nua (lena n-áirítear Dídeanaithe/larrthóirí Tearmainn)
- Daoine a chónaíonn i bPobail faoi Mhíbhuntáiste
- Daoine faoi Mhíchumas
- Romaigh
- Na Daoine Dífhostaithe (lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil ar an mBeochlár)
- Oibrithe/Líonta Tí ar Ioncam Íseal
- Daoine den Lucht Siúil
- Daoine Dífhostaithe Óga ó cheantair faoi Mhíbhuntáiste
- Daoine óga atá 15-24 de bhlianta d'aois agus nach bhfuil i bhfostaíocht, in oideachas ná in oiliúint.

Ba é an cistiú i leith na bliana 2015 ná tuairim agus €26.8m. Sna naoi mí go dtí deireadh na bliana 2015, thacaigh CCSGP le 2,506 cinn de Ghrúpaí Áitiúla Pobail agus 36,854 duine aonair ar bhonn duine le duine. Chuidigh an Clár le 2,322 Ghrúpa dá leithéid a bhí á bhfoirmiú, á bhforbairt nó á bhforcheimniú agus thacaigh na grúpaí seo le breis agus 125,000 duine.

Cuireadh cistiú €37.5 milliún ar fáil sa bhliain 2016 do CCSGP. Le linn na bliana 2016, thacaigh CCSGP le 47,511 duine ar bhonn duine le duine agus 3,076 cinn de Ghrúpaí Áitiúla Pobail, chun feabhas a chur ar a ndeiseanna agus a gcaíonna sa saol. Thug CCSGP tacaíocht do 1,048 gcinn de Ghrúpaí Áitiúla Pobail ó

thaobh páirt a ghlacadh i struchtúir áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta na cinnteoireachta agus cabhraíodh le breis agus 218,000 duine go hiomlán. Fuair os cionn 55,000 leanbh tacaíocht oideachais nó forbartha.

An Clár “Ceantair a Athbheochan trí Pheanáil, Infheistíocht agus Forbairt (RAPID)”

Tá sé mar aidhm ag an gclár ‘RAPID’ (Ceantair a Athbheochan trí Pheanáil, Infheistíocht agus Forbairt) feabhas a chur ar chaighdeán na beatha agus ar an deis atá ar fáil do chónaitheoirí na gceantar is mó faoi mhíbhuntáiste i gcathracha agus i mbailte na hÉireann. Is í is aidhm leis an gclár, ar dhóigh phraiticiúil dhírthe, maolú a dhéanamh ar na díothachtaí nach mór do chónaitheoirí na gceantar faoi mhíbhuntáiste aghaidh a thabhairt orthu. Féachann sé leis an méid seo a dhéanamh trí acmhainní suntasacha an Stáit a dhíriú ar riachtanais na gceantar faoi mhíbhuntáiste.

Tugadh tiomantas i gClár na bliana 2016 do Rialtas Comhpháirtíochta don Chlár ‘RAPID’ a athghníomhú. Bhí na socruithe lóistíochtúla agus eile i gcomhair an chlár fós faoi bhreithniú laistigh den Roinn i ndeireadh na bliana 2016 agus measadh go ndéanfaí feidhmiú céimneach sa bhliain 2017 ar an gclár ‘RAPID’ athmhúnlaithe. Tá ciste iomlán €5 milliún curtha ar fáil don Chlár i gCáinainéis na bliana 2017, agus is é an miondealú ná é seo a leanas:

- €2.5 milliún – Lárchathair Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh
- €2 mhilliún – na 31 Údarás Áitiúla ar fad
- €0.5 milliún – gealltanais mhaoiniúcháin oidhreachta ó RAPID (an clár bunaidh)

5.6 An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta

Pobail na Gaeltachta agus na nOileán

Sprioc ardleibhéil na Roinne fós is ea forbairt teanga, cultúir agus geilleagair na Gaeltachta, rud lena ndéantar fianaise tríd an dul chun cinn suntasach a rinneadh ó thaobh feidhmiú céimneach a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála teanga faoi

Acht na Gaeltachta 2012 agus faoin 'Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030'. Ina thaobh seo, tá Údarás na Gaeltachta ag leanúint de 500 post, atá bunaithe sa Ghaeltacht, a chruthú in aghaidh na bliana, agus tá 'Scéim na bhFoghlaimoirí Gaeilge' de chuid na Roinne ag tabhairt na deise do theaghlaigh Ghaeltachta ar ioncam suntasach a thuilleamh ní hamháin i rith mhíonna an tsamhraidh ach freisin i gcaitheamh na bliana ar fad.

I rith na mblianta 2015/2016, lean an Roinn dá tionscnaimh agus bearta éagsúla a díriodh ar thacú le forbairt shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach na n-oileán amach ón gcósta a bhfuil cónaí iontu ionas go bhféadfaí a chinntiú go dtiocfadh na hoileáin sin slán mar phobail inmharthana.

Áirítear leis an 'bPlean Forbartha Náisiúnta' nua roinnt áirithe tionscadal caipitil a dhírítear ar fheabhas a chur ar an teacht ag pobail na n-oileán ar an móirthír. Thairis sin, leanann an Roinn de thairiscintí a lorg ar bhonn leanúnach maidir le seirbhísí iompair lastais agus paisinéirí chuig gach oileán amach ón gcósta ionas go bhféadfar deimhin a dhéanamh de theacht go rialta ar sheirbhísí poiblí agus ar imeachtaí caithimh aimsire a bhunaítear ar an móirthír.

An Mhór-Ealaín A Chur Ag Obair (2016-2025)

D'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon a cáipéis straitéise 'An Mhór-Ealaín A Chur Ag Obair' (2016-2025) sa bhliain 2015⁴⁸. Cuirtear béim ar leith sa straitéis seo ar an ngá le pleanáil agus soláthar a dhéanamh do leanaí agus do dhaoine óga. Áirítear le cúig luach ardleibhéil na straitéise an tiomantas don fheabhas, chomh maith le hurraim d'éagsúlacht an chleachtais ealaíonta, an rannpháirtíocht phoiblí agus na traidisiúin shóisialta agus chultúrtha. Ina theannta sin, déantar gealltanais sa straitéis go n-oibreofar i dtreo forfheidhmiú iomlán na Cairte um Ealaíona san Oideachas a bhaint amach.

⁴⁸ http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Making_Great_Art_Work.pdf

Rannpháirtíocht na Leanaí sna hEalaíona agus sna himeachtaí Cultúrtha

Lean an Roinn de spreagadh a thabhairt do leanaí sna healaíona agus sna himeachtaí cultúrtha ó cheann ceann na mblianta 2015 agus 2016 trí chlár srl. mar iad seo a leanas:

- D'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon agus an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta sa bhliain 2016 “An Rannpháirtíocht sna hEalaíona agus an Rannpháirtíocht Chultúrtha i measc na Leanaí agus i measc na nDaoine Óga – Léargais ón staidéar ‘Ag Fás Aníos In Éirinn’”⁴⁹. Tá léargais sa taighde atá an-úsáideach ó thaobh teagmháil na leanaí leis na healaíona agus leis an gcultúr agus tá cur síos ann ar bhacainní ar an rannpháirtíocht sna healaíona.
- Seoladh an clár “Éire Ildánach”⁵⁰ sa bhliain 2016 agus cuirtear béim ar leith sa chlár sin ar chaoi a thabhairt do gach leanbh ar a (h)acmhainneacht chruthaitheach a chur in iúl.
- Tá cistiú ar fiú beagnach €750,000 é á chur ar fáil faoi Sruth 3 den Scéim Chaipitil Ealaíon agus Cultúir 2016-2018 ar mhaithe le breis agus 60 eagraíocht ealaíon ar leibhéal áitiúil timpeall na tíre.

5.7 An Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt

An Clár Iompair Tuaithe (CIT)

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) dul chun cinn le comhtháthú an iompair áitiúil agus tuaithe, lena áiríodh an ‘Clár Iompair Tuaithe’ (CIT) agus forfheidhmiú athstruchtúrú an chlár CIT. Taifeadadh 1.765 milliún turas paisinéirí ar bhreis agus 242,000 seirbhís iompair a maoiníodh faoin CIT i rith na bliana 2016. Cuireadh cistiú €11.86m ar fáil don Chlár sa bhliain 2016.

⁴⁹ <http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Arts-and-cultural-participation-GUI.pdf>

⁵⁰ <https://creative.ireland.ie/en>

Tá seirbhísí tugtha le chéile ag an athstruchtúrú trí líonra cuíchóirithe de 17 n-oifig “Nasc Áitiúil” atá ag bainistiú na seirbhísí thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI).

Eochairghné de na seirbhísí nua is ea comhtháthú breise le seirbhísí iompair phoiblí atá ann cheana agus naisc níos fearr idir bailte agus sráidbhailte agus laistigh de bhailte agus sráidbhailte. Eochairthoisic i ngach togra is ea forbairt a dhéanamh ar chroísheirbhísí chun tacú le tionscnaimh atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar an eisiámh sóisialta i gceantair tuaithe.

An Rannpháirtíocht sa Spóirt a Fheabhsú

Fuair 17 gcinn de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (CÁS) cistiú sa bhliain 2016 ó Spóirt Éireann i dtaca le poist mar Oifigeach Rannpháirtíochta sa Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tá na hOifigigh Rannpháirtíochta seo ag leanúint de laethanta cumais spóirt, boccia, peil do chách, cispheil chathaoir rothaí srl. a chur i bhfeidhm chun an rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach a chur chun cinn. Fuair na CÁS sin, nach bhfuil Oifigeach Rannpháirtíochta sa Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas acu, cistiú chun oiliúint a sholáthar maidir le spóirt agus míchumas.

Rinne Spóirt Éireann cistiú €50,000 a lamháil sa bhliain 2016 do Lárionad CARA. Lena chois sin, tá Spóirt Éireann ag leanúint de na 3 cinn de Phríomhspóirt Pháirce (CLG, Sacar agus Rugbaí) a mhaoiniú. Chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leithdháileadh breise ar fáil do Spóirt Éireann sa bhliain 2016 i dtaca le 17 nOifigeach Forbartha Spóirt Phobail laistigh de na CÁS. Tá sé mar aidhm ag an gcistiú seo cultúr na rannpháirtíochta gníomhaí a chothú agus a spreagadh, agus tacú le deiseanna ar, agus teacht ar, spóirt agus gníomhaíocht choirp trí CÁS.

5.8 An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí

Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (SBCA)

Fairsingíodh cion feidhme na seirbhíse SBCA sa bhliain 2015 trí bhunú na Seirbhíse Tiomnaithe um Riaráiste Morgáiste de chuid SBCA (STRM SBCA) thar an líonra SBCA, chun cabhair a thabhairt go sonrach do dhaoine i dtaca lena riaráiste morgáiste tí. Anois tá 32 shainchomhairleoir STRM ag obair i 27 suíomh ar fud na tíre, agus iad ag cuidiú le hiasachtaithe measúnacht a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil dóibh agus, más gá, idirbheartaíochtaí a dhéanamh le hiasachtóirí ar a son. Bhain beagnach 2,800 duine leas as an STRM SBCA go deireadh Mhí na Nollag 2016. Thairis sin, tá líonra náisiúnta de mheantóirí cúirte curtha ar bun ag SBCA. Freastalaíonn na meantóirí ar gach éisteacht chúirte athshealbhúcháin a liostaítear ar fud na tíre agus cuireann siad tacaíocht ar fáil d'iasachtaithe a bhíonn i gcruachás agus a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar chailteanas a n-áite cónaithe agus iad a threorú chuig na seirbhísí cuí.

Is éard atá i SBCA freisin ná an bealach chuig seirbhís nua a seoladh sa bhliain 2016, agus ar a dtugtar Abhaile, a chuireann caoi ar fáil do dhaoine, atá dócmhainneach agus i riaráiste morgáiste tí, le teacht ar leibhéil shainmhínithe de shainchomhairle/chúnamh neamhspleách airgeadais agus/nó dlí, saor in aisce.

Tá os cionn 3,537 dearbhán i leith seirbhísí eisithe go deireadh Mhí na Nollag 2016, i dtaca le breis agus 2,300 príomháiit chónaithe phríobháideach. As na dearbháin a eisíodh go dtí seo;

- Baineann 2,856 le soláthar na seirbhísí pearsanta cleachtóra dócmhainneachta,
- Baineann 565 le seirbhísí comhairle dlí ar shaincheisteanna i ndáil le riaráiste morgáiste, agus
- Baineann 116 le seirbhísí cúnaimh dlí i ndáil le hAchoirle faoi Alt 115A, mar a shainmhínítear faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú) 2015.

5.9 An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige

An Lárionad Acmhainní Teaghlaigh

Lean an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach sna blianta 2015 agus 2016 de chúnamh airgid a chur ar fáil trí 'Chlár na Lárionad Acmhainní Teaghlaigh'. De ghnáth, cumhdaíonn an tacaíocht seo beirt nó triúr ball foirne a fhostú chomh maith le forchostais áirithe na lárionad.

Scéim na nDeontas Comhairleoireachta

Lean an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach sna blianta 2015 agus 2016 de thacaíocht airgeadais a chur ar fáil do raon leathan eagraíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a sholáthraíonn an chomhairleoireacht treorach pósta agus caidrimh, an chomhairleoireacht linbh, clár piarthacaíochta na mBoghanna Báistí do leanaí, agus comhairleoireacht agus tacaíocht an mhéala ar bhás duine den teaghlach.

Aguisín 1:

Ainmneacha na Rann Rialtais

Ranna Rialtais

Ainm na Roinne roimhe seo (má athraíodh ó bhí 2015 ann)

An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara

An Roinn Gnó, Fiontar & Nuálaíochta

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

An Roinn Leanáí & Gnóthaí Óige

An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha

An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (2016)

An Roinn Cosanta

An Roinn Oideachais & Scileanna

An Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála

An Roinn Sláinte

An Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2016)

An Roinn Dlí & Cirt & Comhionannais

An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe

An Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail

Roinn Nua (2017)

Roinn an Taoisigh

An Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt



Samhain 2018